Mar an gcéanna is féidir leathanach leabhair a iompó thart ar chiúis go mbí sí in aon phlána amháin leis an bplána ónar thosnaigh sé, gan chuile phointe a chur ar ais arís mar a raibh sé i dtosach. Fanann pointí na ciúise féin socair dábharr, ach athraítear ionad gach aon phointe eile.

Páirt chuimseach de phlána atá i gceist sna

triálacha sin thuas, ach léiríonn siad tréith áirithe den phlána geómétrach.

Is féidir plána geómétrach a chasadh timpeall ar dhronlíne ar bith $\ell$ ann, chun go nglacfaidh an plána i n-iomlán an t-ionad ina raibh sé i dtosach, agus i gcaoi go dtéann gach pointe den phlána (cé is moite de phointí na líne $\ell$) go dtí pointe eile ar an bplána.

*Scáthú an phlána sa dronlíne* $\ell$ a tugtar ar an bgluaiseacht sin.

Má's ar $P_1$ a leagtar pointe $P$, is léir gur anuas ar $P$ a leagtar $P_1$, de bhrí gp gcuirfear gach pointe ar ais sa sean-ionad de bharr dhá scáthúas a chéile in $\ell$. Tugtar *scátha* a chéile in $\ell$ ar phointí mar $P$ agus $P_1$.

Ní miste dúinn anois an prionnsabal seo a chur ar bun:

## 3.1 Bun-Phroinnsabal II

*Is cómhfhada na línte, agus is cómhméad na huilleacha go leagtar ceann acu ar an gceann eile de bharr an plána a scáthúi ndronlíne.*

If a card lying on the table is turned upside-down, we see that there is no change to the length of any line or the size of any angle on the card. Since the side that was down beforehand is now up, that change cannot be achieved by any rotation of the kind studied in Chapter 2.

In the same way, you can turn the page of a book on its spine so that it lies in the same plane as it occupied to start with and no point ends up where it started. The points along the spine stay put, but all other points move.

These experiments involve only a limited part of the plane, but they illustrate particular propeties of the geometric plane.

A geometric plane can be turned about any straight line $\ell$ in it, in such a way that the entire plane ends up where it started, and every point of the plane (except the points on the line $\ell$) moves to a different point of the plane.

This movement is called *reflecting the plane in the straight line* $\ell$.

If the point $P$ moves to $P_1$, then clearly $P_1$ moves to $P$, so two successive reflections in the same line $\ell$ bring every point back to its original position. Points like $P$ and $P_1$ are called *reflections of one another in* $\ell$.

Now we have to lay down the following principle:

## 3.2 Axiom II

*When the plane is reflected in a straight line, lines are the same length as their reflections, and angles are the same size as their reflections.*

Téarmaí

Triantán: sin fíoghair iadta dúnta imeall trí dhronlínte, viz. na sleasa. Tugtar reanna an triantáin ar phointí teangmhála na slios. Uille den triantán is ea an uille (istigh) idir aon dá shlios.




Scríobhtar an nod Δ in áit triantáin go minic.

Triantán comhchosach.

Sin triantán fá na dhá shlios chomhfhada. Is gnáthach bonn an Δ a thabhairt ar an slios eile.

Triantán comhshleasach: sin Δ fá na thrí sleasa comhfhada.

Ais Shuiméitreachta.

Nuair scáitear fíoghair fhlánach i ndronlíne l, má tharlaíonn go leagtar gach pointe P den fhíoghair sin ar phointe éigin eile den fhíoghair chéanna, ionnas nach n-athraítear ionad na fíoghaire iomláine dá bharr, deirtear go bhfuil an fhíoghair sin suiméitreach san dronlíne l, agus go bhfuil l ina ais shuiméitreachta aici.

e.g. (1) Tá ais shuiméitreachta ag gach dronlíne chuimseach AB.




Abair go bhfuil MN ingearach le AB, áit gurb é M lár AB. Ós dronuilleacha iad $\hat{\alpha}, \hat{\alpha}_1$, leagtar $\hat{\alpha}$ ar a comhuillinn $\hat{\alpha}_1$ de bharr scáthú in MN. 'Sé sin, cuirtear MB fan MA, agus ó tharla MB = MA is ar A a thuiteas B.

Mar an gcéanna cuirtear MA anuas go cruinn ar MB.

∴ ais shuiméitreachta is ea MN ag an dronlíne AB.

e.g. (2) Tá dhá ais shuiméitreachta ag dhá dhronlíne theangmhálacha.

Abair gurb é OX comhroinnteoir na h-uilleann deimhní idir líne 1 agus líne 2, ionnas go bhfuil $\hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$.

Tosach leathanach 21 sa LSS.

## Téarmaí

*Triantán:* sin fíogair iadta dárb imeall trí dronlínte, viz. na *sleasa*. Tugtar *reanna* an triantáin ar phointe teagmhála na slios. Uille den triantán is ea an uille (istigh) idir aon dá shlios.

Scríobhtar an nod $\Delta$ in áit triantáin go minic.

*Triantán cómhchosach:* Sin triantán fána dhá shlios chómhfhada. Is gnáthach *bonn* an $\Delta$ a thabhairt ar an slios eile.

*Triantán cómhshleasach:* sin $\Delta$ fána thrí sleasa cómhfhada.

*Ais Shuiméitreachta.* Nuair scáitear fíoghair phlánach i ndromlíne $\ell$, má thárlaíonn go leagtar gach pointe $P$ den fhíoghair ar phointe éigin eile den fhíoghair céanna, ionas nach n-athraítear ionad na fíoghaire iomláine dá bharr, diertear go bhfuil an fhíoghair *suiméitreach* san dronlíne $\ell$, agus go bhfuil $\ell$ ina *ais shuiméitreachta* aici.

## Definitions

A *triangle* is a closed figure with three straight lines a its perimeter, viz. the *sides*. The points where the sides meet are called *vertices*. An angle of the triangle refers to the (inside) angle between two sides.

We often write $\Delta$ instead of 'triangle'.

*Isosceles triangle:* That is a triangle having two sides of the same length. The other side is usually called the *base* of the $\Delta$.

*Equilateral triangle:* That's a $\Delta$ having all three sides of the same length.

*Axis of Symmetry:* If, when some figure is reflected in a straight line $\ell$, it happens that each point $P$ of the figure lands on some other point of the same figure, so that the overall position of the figure does not change, then we say that the figure is *symmetric* about the the straight line $\ell$, and that $\ell$ is an *axis of symmetry* for it.

e.g. (1) *Tá ais shuiméitreachta ag gach dronlíne chuimseach AB.*

Abair go bhfuil $MN$ ingearach le $AB$, áit gurb é $M$ lár $AB$. Ó's dronuilleacha iad $\hat{\alpha}, \hat{\alpha}_1$, leagtar $\hat{\alpha}$ ar a cómhuilinn $\hat{\alpha}_1$, de bharr scáthú in $MN$. 'Sé sin, cuirtear $MB$ fan $MA$, agus ó thárla $MB = MA$ is ar $A$ a thuiteas $B$.

Mar an gcéanna cuirtear $MA$ anuas go cruinn ar $MB$.

.i. ais shuiméitreachta is ea $MN$ ag an dronlíne $AB$.

e.g. (1) *Every bounded straight line AB has an axis of symmetry. chuimseach AB.*

Suppose $M$ is the midpoint of $AB$, and $MN$ s perpendicular to $AB$. Since $\hat{\alpha}$ and $\hat{\alpha}_1$ are right angles, $\hat{\alpha}$ s laid on the equal angle $\hat{\alpha}_1$ when we reflect in $MN$. Thus $MB$ is laid along $MA$, and since it happens that $MB = MA$, $B$ lands on $A$.

In the same way $MA$ is laid exactly on $MB$.

.i. $MN$ is an axis of symmetry for the straight line $AB$.

e.g. (2) *Tá dhá ais shuiméitreachta ag dhá dhronlínte theagmhálacha.*

Abair gurb é $OX$ cómhroinnteoir na huilleann deimhní idir líne 1 agus líne 2, ionas go bhfuil $\hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$.




De bharr an phlána a scáthú in AX, fanann AX socair agus cuirtear $\hat{\alpha}$ ar a comhuillinn $\hat{\alpha}_1$. Cuirtear dá réir líne 1 fan na dronlíne 2, agus mar an gcéanna cuirtear líne 2 ar líne 1.

Is soiléir gur ais shuiméitreachta eile í AY, comhroinnteoir na h-uilleann diúltaí idir líne 1 is líne 2.

Nóta

Teaspáinfear ar ball cén chaoi a n-aimsítear ionaid na n-aisí suiméitreachta sin.

## Teoirim IV

Tá triantán comhchosach suiméitreach i gcomhroinnteoir na stuacuilleann.




**Hipotéis** Tugtar AB = AC, agus gurb é AM comhroinnteoir $\hat{A}$ i.e. $\hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$.

**Tátal** Tá an $\triangle ABC$ suiméitreach in AM.

**Cruthúnas**

De bharr scáthú in AM, cuileann AB ar AC mar tá $\hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$.

Ó thárla AB = AC, is anuas ar C a thuiteas B, agus mar an gcéanna cuirtear C ar B.

De bhrí go bhfanann M socair, cuirtear MB ar MC (agus cuirtear MC ar MB)

Q.E.D.

De réir Bhun-Phrionsabail II fágann sin:-

(i) $MB = MC$ ; (ii) $A\hat{M}B = A\hat{M}C = 90°$ ; (iii) $\hat{B} = \hat{C}$.

Atora 1 I dtriantán chomhchosach 'sí comhroinnteóir na stuacuilleann ais shuiméitreachta an bhoinn.

Atora 2 Triantáin chomhchosacha dhifriúla atá ar aon bhonn amháin, is fioghair fána ais shuiméitreachta a ghearras siad.

mar ais shuiméitreachta ag chuile thriantán acu is ea ais shuiméitreachta an bhoinn.

Tosach leathanach 22 sa LSS.

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 22.

De bharr an plána a scáthú in $AX$, fanann $AX$ socair, agus cuirtear $\hat{\alpha}$ ar a comhuilleann $\hat{\alpha}_1$. Cuirtear dá réir líne 1 fan na dronlíne 2, agus mar an gcéanna cuirtear líne 2 ar líne 1.

Is soiléir gur ais shuiméitreachta eile í $AY$, cómhroinnteoir na huilleann diúltaíidir líne 1 agus líne 2.

## Nóta

Teaspáinfear ar ball cé'n chaoi a n-aimsítear ionaid na n-aisí suiméitreachta sin.

e.g. (2) *Two straight lines that meet have two axes of symmetry.*

Let $OX$ be a bisector of the positive angle betweeen line 1 and line 2, so that $\hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$. When the plane is reflected in $AX$, the line $AX$ remains fixed, and $\hat{\alpha}$ is placed on the equal angle $\hat{\alpha}_1$. Hence line 1 s placed along the straight line 2, and in the same way line 2 is placed on line 1.

Clearly, another axis of symmetry is $AY$, the bisector of the negative angle between line 1 and line 2.

## Note

It will be shown later how to find the position of those axes of symmetry.

## 3.3 Teoirim IV

*Tá triantán cómhchosach suiméitreach i gcómhroinnteoir na stuacuilleann.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 22.

*Hipotéis:*

Tugtar $AB = AC$, agus gurb é $AM$ cómhroinnteoir $\hat{A}$, i.e. $\hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$.

*Tátall:* Tá an triantán suiméitreach in $AM$.

*Cruthúnas:*

De bharr scáthú in $AM$, titeann $AB$ ar $AC$, mar tá $\hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$.

Ó thála $AB = AC$, is anuas ar $C$ a thiteas $B$, agus mar an gcéanna cuirtear $C$ ar $B$.

De bhrí go bhfanann $M$ socair, cuirtear $MB$ ar $MC$ (agus cuirtear $MC$ ar $MB$). □

De réir Bhun-Phrionsabail II fágann sin:-

(i) $MB = MC$; (ii) $\widehat{AMB} = \widehat{AMC} = 90°$; (iii) $\hat{B} = \hat{C}$.

**Theorem 4.** *An isosceles triangle is symmetrical in the bisector of the apex angle.*

*Hypothesis:*
We are given that $AB = AC$, and that $AM$ is the bisector of $\hat{A}$, i.e. $\hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$.

*Conclusion:*The triangle is symmetrical in $AM$.

*Proof:*
When we reflect in $AM$, $AB$ lands on $AC$, because $\hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$.
Simce $AB = AC$, $B$ lands on $C$, and in the same way $C$ lands on $B$.
Since $M$ stays fixed, $MB$ is placed on $MC$ (and $MC$ is put on $MB$). □
By Axiom II, it follows that:
(i) $MB = MC$; (ii) $\widehat{AMB} = \widehat{AMC} = 90°$; (iii) $\hat{B} = \hat{C}$.

## Atora 1

*I dtriantán cómhchosach 'sí cómhroinnteoir na stuacuilleann ais shuiméitreachta an bhoinn.*

## Atora 2

*Triantáin chómhchosacha dhifriúla atá ar aon bhonn amháin, is fíoghair fana hais shuiméitreachta a ghineas siad.*

Mar is ais shuiméitreachta ag chuile thriantán acu is ea ais shuiméitreachta an bhoinn.

**Corollary 1.** *In an isosceles triangle the bisector of the apex angle is the axis of symmetry of the base.*

**Corollary 2.** *Different isosceles triangles that share a common base combine to make a figure with an axis of symmetry.*

For the axis of symmetry of the base is an axis of symmetry for each of the triangles.

Teoirim V

Triantán cómhcosach isea triantán ar bith ina bhfuil dhá uillinn ar cómhméad.




Hipotéis  Tuglar $A\hat{B}C = A\hat{C}B$

Tátall  Tá $AB = AC$.

Cruthúnas

Abair gurb é MX ais shuiméitreachta an bhoinn.

De bharr scáthu in MX cuirlear MB, géag den uillinn $\hat{B}$, ar MC gur géag í den uillinn chothruim $\hat{C}$.

∴ Leagtar BA fan CA, agus mar an gcéanna cuirlear CA fan BA. Fágann sin go dtéann A, pointe teagmhála BA is CA, go dtí pointe teagmhála CA is BA: ∴ fanann A socair.

∴ Pointe ar MX isea A, agus tá an Δ suiméitreach in MXA.

De thairbhe Phrionnsabail II mar sin tá AB = AC.

Nóta 1. Is iomdha ceist geoméitreach a réitítear le Teoirim IV atora 2.

Is mar seo a leanas a tógtar Δ cómhchosach ar bhonn BC.




Tarraing dhá chioreal chothroma gur láir dóibh B agus C, agus abair gur pointe teagmhála é A den dá chioreal sin (má's ann dó). Is leor stuaganna beaga den dá ⊙ a líniú chun ionad A a chinntiú.

Ó's gatha cioreal cothrom iad BA agus BC, táid comhfhada agus A cómhcosach isea ABC. Má athraítear gatha na gcioreal gcothrom is triantáin chómhchosacha dhifriúla a gheibhtear, agus luigheann A, D, $A_1$ etc. ar ais shuiméitreachta an bhoinn BC.

Nóta 2 Scríobhfar a.s. in ionad "ais shuiméitreachta" go minic.

Tosach leathanach 23 sa LSS.

## 3.4 Teoirim V

*Triantán cómhcosach is ea triantán ar bith ina bhfuil dhá uillinn ar cómhéad.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 23.

*Hipotéis:*
Tugtar $\widehat{ABC} = \widehat{ACB}$.

*Tátall:*
Tá $AB = AC$.

*Cruthúnas:*
Abair gurb é $MX$ ais suiméitreachta an bhoinn.

De bharr scáthú in $MX$ cuirtear $MB$, géag den uilinn $\hat{B}$, ar $MC$ gur géag í den uilinn chothrom $\hat{C}$.

∴ Leagtar $BA$ fan $CA$, agus mar an gcéanna cuirtear $CA$ fan $BA$. Fágann sin go dtéann $A$, pointe teagmhála $BA$ is $CA$, go dtí pointe teagmhála $CA$ is $BA$: .i. fanann $A$ socair.

∴ Pointe ar $MX$ is ea $A$, agus tá an $\Delta$ suiméitreach in $MXA$.

De thairbhe Phrionnsabail II mar sin tá $AB = AC$. □

**Theorem 5.** *Any triangle having two angles of equal size is isosceles.*

*Hypothesis:*
We are given $\widehat{ABC} = \widehat{ACB}$.

*Conclusion:*
$AB = AC$.

*Proof:*
Let $MX$ be the axis of symmetry of the base.

If we reflect in $MX$, then $MB$, which is one arm of the angle $\hat{B}$, is placed on $MC$, which is an arm of the equal angle $\hat{C}$.

∴ $BA$ is laid along $CA$, and in the same way $CA$ is laid along $BA$. Thus $A$, the point where $BA$ meets $CA$, goes to the common point of $CA$ and $BA$: .i. $A$ stays fixed.

∴ $A$ is a point on $MX$, and the $\Delta$ is symmetric in $MXA$.

Hence, by Axiom II, we have $AB = AC$. □

### Nóta 1

Is iomaí ceist geóméitreach a réitítear le Teoirim IV, Atora 2.

Is mar seo a leanas a tógtar $\Delta$ cómhchosach ar bhonn $BC$.

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 23.

Tarraing dhá chiorcal chothoma gur láir dóibh $B$ agus $C$, agus abair gur pointe teagmhála é $A$ den dá chiorcal sin (má's ann dó ). Is leor stuanna beaga den dá $\odot$ a líniú chun ionad $A$ a chinntiú .

Ó's gatha ciorcal cothrom iad $BA$ agus $BC$, táid comhfhada agus $\Delta$ comhcosach is ea $ABC$. Má h-aithrítear gatha na gciorcal gcothrom is triantáin chóchosacha dhifriúla a gintear, agus luíonn $A, D, A_1$, etc ar ais shuiméitreachta an bhoinn $BC$.

## Nota 2

Scríobhfar a.s. in ionad "ais shuiméitreachta" go minic.

## Note 1

Many geometrical questions can be solved by using Theorem 4, Corollary 2.

Here is a way to construct an isosceles triangle on the base $BC$:

Draw two equal circles having centres $B$ and $C$, and suppose the point of intersection of those two circles (if it exists) is $A$. It is enough to draw little short arcs of the two circles in order to determine the posiition of $A$.

Since $BA$ and $BC$ are radii of equal circles, they have the same length, and so $ABC$ is an isosceles $\Delta$. If you change the radius of the circles you generate a different equilateral triangle, and $A, D, A_1$, etc all lie on the axis of symmetry of the base $BC$.

## Note 2

We shall aften write a.s. instead of "axis of symmetry".

## Ceist 1   Uille a chómhroinnt le Compás agus Riail.




**Réiteach.** Tarraing ⊙ ar bith gurb é A a lár, a ghearras géaga na h-uilleann in X agus Y. Triantán cómhchosach ar an mbonn XY isea AXY. Ar XY déan A cómhcosach ar bith eile BXY agus ceangail AB. 'Sé AB cómhroinnteoir na h-uilleann Â.

**Cruthúnas**

'Sé AB a.s. na fioghaire AXBY de réir Teoirme IV, atora 2.

∴ Cómhroinneann sé an uille Â.

## Ceist 2   Dronlíne chuimseach a chómhroinnt;
~~nó, ais shuimeitreachta dronlíne cuimsigh a aimsiú.~~




**Réiteach** Abair gurb í AB an dronlíne. Ar AB déan dhá thriantán chómhchosacha ar bith XAB agus YAB, agus ceangail XY d'á chéile. Cómhroinneann XY an dronlíne AB.

**Cruthúnas**

'Sí XY a.s. na dronlíne AB (Teoirim IV) ∴ AM = MB.

## Ceist 3   An t-ingear a tharraint ar dhronlíne ó phointe ~~áirithe~~ áirithe taobh amuigh




**Réiteach** Abair gurb í l an dronlíne agus gurb é P an pointe amuigh. Le P mar lár tarraing ⊙ ar bith a (Tóg x eile) ghearras l in X agus Y, abair. Triantán cómhchosach isea PXY. Déan A cómhcosach eile QXY ar XY. 'Sé PQ, líne cheangail P is Q, an t-ingear.

Tosach leathanach 24 sa LSS.

## Ceist 1

Uille a chómhroinnt le compás agus riail.

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 24.

*Réiteach:*

Tarraing ⊙ ar bith gurb é $A$ a lár, a ghearas géaga na huilleann in $X$ agus $Y$. Triantán cómhchosach an an mbonn $XY$ is ea $AXY$. Ar $XY$ déan $\Delta$ comhchosach ar bith eile $BXY$ agus ceangail $AB$. 'Sé $AB$ cómhroinnteoir na huilleann $\hat{A}$.

*Cruthúnas:*

'Sé $AB$ a.s. na fíoghaire $AXBY$ de réir Teoirma IV, Atora 2.
∴ Cómhroinneann sé an uille $\hat{A}$.

## Question 1

Bisect an angle with ruler and compass.

*Solution:*

Draw any circle with centre $A$, cutting the arms of the angle at $X$ and $Y$. Then $AXY$ is an isosceles triangle on the base $XY$. On $XY$ draw any other isosceles $\Delta$ $BXY$ aand join ceangail $AB$. Then $AB$ is the bisector of the angle $\hat{A}$.

*Proof:*

$AB$ is the a.s. of the figure $AXBY$, by Theorem 4, Corollary 2.
∴ It bisects the angle $\hat{A}$.

## Ceist 2

Dronlíne choimseach a chómhroinnt.

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 24.

*Réiteach:*

Abair gurb í $AB$ an dronlíne. Ar $AB$ déan dhá thriantán chómhchosacha ar bith $XAB$ agus $YAB$, agus ceangail $XY$ d'á chéile. Cómhroinneann $XY$ and dronlíne $AB$.

*Cruthúnas:*

'Sé $XY$ a.s. na dronlíne $AB$ (Teoirim IV). ∴ $AM = MB$.

## Question 2

To bisect a bounded straight line.

*Solution:*

Suppose $AB$ is the straight line. On $AB$ construct any two isosceles triangles $XAB$ and $YAB$, and join $XY$ together. Then $XY$ bisects the straight line $AB$.

*Proof:*

$XY$ is the a.s. of the straight line $AB$ (Theorem 4). $\therefore AM = MB$.

## Ceist 3

An t-ingear a tharraingt ar dhronlíne ó phointe áirithe taobh amuigh.

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 24.

*Réiteach:*

Abair gurb í $\ell$ an líne agus gurb é $P$ an pointe amuigh.
Le $P$ mar lár tarraing $\odot$ ar bith a ghearas $\ell$ in $X$ agus $Y$, abair.
Triantán cómhchosach is ea $PXY$. Déan $\Delta$ cómhcosach eile $QXY$ ar $XY$.

'Sé $PQ$, líne cheangail $P$ is $Q$, an t-ingear.

Cruthúnas.

'Sé PQ ais shiméitreachta na fioghaire PXQY; $\therefore P\hat{M}X = P\hat{M}Y = 90°$.

Nóta. An t-ingear ó P ar l a deirtear, agus teaspáinfear anois nach bhfuil ann ach ceann amháin.

De bharr an pléna a scáthú in l is soiléir go dtéigeann ingear ar bith ó P trí an bpointe $P_1$, scáth an phointe P in l. Ach ní fhéadfadh dhá dhronlíne dhifriúla a dhul trí P is $P_1$.

$\therefore$ Níl ach ingear amháin ó P ar l.

Ceist 4 An t-ingear a thógáil ar dhronlíne ag pointe áirithe inti.




[Cás speisialta é seo de cheist 1 nuair is mar rinn na huilleann dírí APB a samhlaítear P]

Réiteach Abair gurb é l an dronlíne is gurb é P an pointe. Le P mar lár tóg ciorcal ar bith a ghearras l in X agus Y. Ar XY déan Δ comhchosach ar bith ZXY. 'Sé ZP an t-ingear.

Cruthúnas

Sa Δ comhchosach ZXY, 'sé P lár an bhoinn, agus de bharr gurb ionann a.s. an bhoinn agus a.s. an triantáin, 'sé PZ an a.s. Δin.

$\therefore Z\hat{P}X = Z\hat{P}Y = 90°$.

Cleachtaithe

1. Trí M, lár na dronlíne AB tarraingítear an dronlíne ⊥ le AB. Más pointe ar bith den ingear é P, cruthuigh PA = PB.

2. I dtriantán ABC tá AB = AC agus is iad L, M, láir na sleas AB agus AC. Cruthuigh, de bharr an Δ a scáthú san a.s., go bhfuil BM = CL. Má theagmhaíonn BM agus CL in O, cruthuigh OL = OM.

3. Is pointí iad D, E i mbonn an Δ chomhchosaigh ABC ionnas go bhfuil BD = CE. Cruthuigh AD = AE, agus $B\hat{A}D = E\hat{A}C$.

Tosach leathanach 25 sa LSS.

*Cruthúnas:*
'Sé $PQ$ ais shuiméitreachta na fíoghaire $PXQY$; $\therefore \widehat{PMX} = \widehat{PMY} = 90°$.

## Question 3

To draw the perpendicular line to a straight line from some point outside it.

*Solution:*
Suppose $\ell$ is the line and $P$ the point outside it.
With $P$ as centre draw any ⊙, cutting $\ell$ at $X$ and $Y$, say.
$PXY$ is an isosceles triangle. Make another isosceles $\Delta\, QXY$ on $XY$.
Then $PQ$, the line joining $P$ and $Q$, is the perpendicular.

*Proof:*
$PQ$ is the axis of symmetry of the figure $PXQY$; $\therefore \widehat{PMX} = \widehat{PMY} = 90°$.

## Nóta

*An t-ingear* ó $P$ *ar* $\ell$ a deirtear, agus teaspáinfear anois nach bhfuil ann ach ceann amháin.

De bharr an plána a scáthú in $\ell$ is soiléir go dtéighann ingear ar bith ó $P$ tré'n bpointe $P_1$, scáth an phointe $P$ in $\ell$. Ach ní fhéadfadh dhá dhronlíne dhifriúla a dhul trí $P$ is $P_1$.

$\therefore$ Níl ach ingear amháin ó $P$ ar $\ell$.

## Note

One says *the perpendicular from $P$ on $\ell$*, and we shall now show that only one exists.

On reflecting the plane in $\ell$ it is clear that any perpendicular from $P$ passes through $P_1$, the reflection of $P$ in $\ell$. But it cannot happen that two different straight lines pass through $P$ and $P_1$.

$\therefore$ There is only one perpendicular from $P$ on $\ell$.

## Ceist 4

An t-ingear a thógáil ar dhronlíne ag pointe áirithe innti.

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 25.

[Cás spesialta de cheist 1 é seo nuair mar rinn na huilleann dirí $APB$ a samhlaítear $P$.]

*Réiteach:*
Abair gurb í $\ell$ an dronlíne agus gurb é $P$ an pointe.
Le $P$ mar lár tóg ciorcal ar bith a ghearas $\ell$ in $X$ agus $Y$. Ar $XY$ déan $\Delta$ cóchosach ar bith $ZXY$. 'Sé $ZP$ an t-ingear.

*Cruthúnas:*

Sa $\Delta$ comhchosach $ZXY$ 'sé $P$ lár an bhoinn, agus de bhrí gurb ionann a.s. an bhoinn agus a.s. an triantáin, 'sé $PZ$ an a.s. sin.

$\therefore \widehat{ZPX} = \widehat{ZPY} = 90°$.

## Question 4

To construct the perpendicular to a straight line at some particular point on it.

[This is a special case of Question 1, if you think of $P$ as the vertex of the angle $APB$.]

*Solution:*

Suppose $\ell$ is the straight line and $P$ the point.

With $P$ as centre draw any circle, cutting $\ell$ at $X$ and $Y$. On $XY$ make any isosceles $\Delta$ $ZXY$. Then $ZP$ is the perpendicular.

*Proof:*

In the isosceles $\Delta$ $ZXY$, $P$ is the centre of the base, and since the a.s. of the base is the same as the a.s. of the traingle, that a.s. is $PZ$.

$\therefore \widehat{ZPX} = \widehat{ZPY} = 90°$.

4) Rinn uillinn díríthe ísea A agus le A mar lár tarraingítear dhá chiorcal. Gearrann an chéad chiorcal géaga na h-uillinne in X agus Y, ach is in Z agus W a ghearras an dara ceann iad. De bharr an plána a scáthú san a.s. cruthuigh (i) go gcuirtear an dronlíne XW ar an dronlíne YZ; (ii) go bhfuil pointe teagmhála XW agus YZ ar an a.s. Dá chionn sin teaspáin modh eile chun uille a chómhroinnt.

5) Is pointí iad P, Q ar thaobh amháin de dhronlíne l agus

$P_1, Q_1$, siad $P_1, Q_1$, scátha P is Q in l. Gearrann PQ an dronlíne l in X. Cruthuigh (i) $P_1Q_1 = PQ$; (ii) $PQ_1 = P_1Q$, (iii) go ngabhann an dronlíne $P_1Q_1$ tré X.

6) Fíoghair phlánach fána ceithre sleasa cothroma ísea ABCD, agus siad AC is BD na treasnáin. Teaspáin gur aisí suiméitreachta ag an bhfíoghair iomlán iad AC, BD. Cruthuigh (i) go gcómhroinneann na treasnáin na h-uilleacha a ngabhann siad triothu, (ii) go bhfuil na treasnáin ingearach le chéile.

7) 'Sé M bun an ingir ó P ar dhronlíne l, agus pointe eile den dronlíne sin ísea X. Má's iontuigthe go bhfuil dhá shlios triantáin le chéile níos faide ná an tríú slios, teaspáin go bhfágann sin go bhfuil PX > PM.

[Leide: an fhíoghair a scáthú in l]

8. Má tá pointe O ar chómhroinnteoir ar bith den dhá chómhroinnteóirí na h-uilleann idir na línte l agus m, cruthuigh gur cómhfhada na h-ingir ón bpointe O ar l agus m.

9. Triantán cómhchosach é ABC ina bhfuil AB = AC. Gearrann cómhroinnteoir na h-uilleann B an slios AC in X, agus gearrann cómhroinnteoir na h-uilleann C an slios AB in Y. Cruthuigh BX = CY.

10 Dhá thriantán chómhchosacha isea ABC, ABD ar an mbonn chéanna AB. 'Siad X, Y láir CA is CB, agus 'siad Z, W láir AD agus DB. Cruthuigh YZ = XW.

## Cleachtaithe

1. Tré $M$, lár an dronlíne $AB$ tarraingítear an dronlíne $\perp$ le $AB$. Má's pointe ar bith den ingear é $P$, cruthuigh $PA = PB$.

2. I dtriantán $ABC$ tá $AB = AC$ agus siad $L, M$ láir na slios $AB$ agus $AC$. Cruthaigh, de bharr an $\Delta$ a scáthúsan a.s., gp bhfuil $BM = CL$. Má teagmhaíonn $BM$ agus $CL$ in $O$, cruthuigh $OL = OM$.

3. Is pointí iad $D, E$ i mbonn an $\Delta$ chómhchosaigh $ABC$ ionas go bhfuil $BD = CE$. Cruthaigh $AD = AE$, agus $\widehat{BAD} = \widehat{EAC}$.

   Tosach leathanach 26 sa LSS.

4. Rinn uileann áirithe is ea $A$ agus le $A$ mar lár tarraingítear dhá chiorcail. Gearrann an chéad chiorcal géaga na huilleann in $X$ agus $Y$, ach is in $Z$ agus $W$ a ghearas an dara ceann iad. De bharr an plána a scáthú san a.s. cruthuigh (1) go gcuirtear an dronlíne $XW$ ar an dronlíne $YZ$; (ii) go bhfuil pointe teagmhála $XW$ agus $YZ$ are an a.s. Dá chionn sin ceap módh eile chun uille a chómhroinnt.

5. Is pointí iad $P, Q$ ar thaobh amháin de dhronlíne $\ell$ agus siad $P_1, Q_1$ scátha $P$ is $Q$ in $\ell$. Gearann $PQ$ an dronlíne $\ell$ in $X$. Cruthaigh (i) $P_1Q_1 = PQ$; (ii) $PQ_1 = P_1Q$; (iii) go ngabhann an dronlíne $P_1Q_1$ tré $X$.

6. Fioghair phlánach fána ceithre sleasa cothroma is ea $ABCD$, agus siad $AC$ is $BD$ na treasnáin. Teaspáin gur aisí suiméitreachta ag an bhfioghair iomláin iad $AC$, $BD$. Cruthaigh (i) go gcómhroinneann na treasnáin na huilleacha a ngabhann siad triothu, (ii) go bhfuil na treasnáin ingearach le chéile.

7. 'Sé $M$ bun an ingir ó $P$ ar dhronlíne $\ell$, agus pointe eile den dronlíne sin is ea $X$. Má's iontuigthe go bhfuil dhá shlios triantáin le chéile níos faide ná an tríú slios, teaspáin go bhfágann sin go bhfuil $PX > PM$.

   [Leide: an fhioghair a scáthú in $\ell$.]

8. Má tá pointe $O$ ar chómhroinnteoir ar bith de dhá chómhroinnteoirí na huilleann idir na línte $\ell$ agus $m$, cruthuigh gur cómhfhada na hingear ón bpointe $O$ ar $\ell$ agus $m$.

9. Triantán cómhchosach é $ABC$ ina bhfuil $AB = AC$. Gearann cómhroinnteoir na huilleann $B$ an slios $AC$ in $X$, agus gearrann cómhroinnteoir na huilleann $C$ an slios $AB$ in $Y$. Cruthaigh $BX = BY$.

10. Dháthriantáin chómhchosacha is ea $ABC$, $ABD$ ar an mbonn chéanna $AB$. 'Siad $X, Y$ láir $CA$ is $CB$, agus 'siad $L, W$ láir $AD$ agus $DB$. Cruthaigh $YZ = XW$.

## Exercises

1. Through $M$, the centre of the straight line $AB$, draw a straight line perpendicular to $AB$.

   If $P$ is any point of that perpendicular, prove that $PA = PB$.

2. In the triangle $ABC$ we have $AB = AC$ and $L, M$ are the centres of the sides $AB$ and $AC$. Prove, by reflecting the $\Delta$ in the a.s., that $BM = CL$.

   If $BM$ and $CL$ meet at $O$, prove $OL = OM$.

3. $D$ and $E$ are points on the base of the isosceles $\Delta$ $ABC$ such that $BD = CE$. Prove that $AD = AE$, and $\widehat{BAD} = \widehat{EAC}$.

4. $A$ is the vertex of a certain angle, and two circles are drawn with centre $A$. The first circle cuts the arms of the angle at $X$ and $Y$, but the second cuts them at $Z$ and $W$. By reflecting the plane in the a.s. prove
   (1) that the straight line $XW$ is laid on the straight line $YZ$; (ii) that the common point of $XW$ and $YZ$ lies on the a.s. On that basis, invent another way to bisect an angle.

5. $P, Q$ are points on one side of a straight line $\ell$ and $P_1, Q_1$ are the reflections of $P$ and $Q$ in $\ell$. $PQ$ cuts the straight line $\ell$ at $X$. Prove (i) $P_1Q_1 = PQ$; (ii) $PQ_1 = P_1Q$; (iii) that the straight line $P_1Q_1$ passes through $X$.

6. $ABCD$ is a plane figure having four equal sides, and $AC$ and $BD$ are the diagonals. Show that $AC$ and $BD$ are axes of symmetry for the whole figure. Prove (i) that the diagonals bisect the angles they pass through, (ii) that the diagonals are perpendicular to one another.

7. $M$ is the bottom (foot) of the perpendicular from $P$ on a straight line $\ell$, and $X$ is another point of that straight line. If it is taken for granted that two sides of any triangle are together greater than the third side, show that it follows that $PX > PM$.

   [Hint: reflect the figure in $\ell$.]

8. If a point $O$ is on either of the two bisectors of the angles between the lines $\ell$ agus $m$, prove that the perpenticulars from the point $O$ on $\ell$ and $m$ have the same length.

9. $ABC$ is an isosceles triangle in which $AB = AC$. The bisector of the angle $B$ cuts the side $AC$ at $X$, and the bisector of the angle $C$ cuts the side $AB$ at $Y$. Prove $BX = BY$.

10. $ABC$, $ABD$ are two isosceles triangles on the same base $AB$. $X, Y$ are the centres of $CA$ and $CB$, and $L, W$ are the centres of $AD$ agus $DB$. Prove that $YZ = XW$.

Teoirim VI

I gciorcal ar bith, ais shuimeitreachta is ea gach láirlíne.




Hipotéis — Láirlíne ar bith is ea XY i gciorcal gurb é O a lár.

Tógáil — Tré phointe ar bith P ar an imlíne tarraing an córda PQ atá ⊥ le XY. Ceangail OP, OQ.

Cruthúnas

Is gatha an ⊙ iad OP, OQ ionnas gur Δ comhchosach é OPQ.

'Sé OM an t-ingear ón stuaic ar an mbonn PQ

∴ Sé OM a.s. an Δ OPQ, agus fágann sin gur scátha a chéile in XY iad na pointí P agus Q.

Mar an gcéanna, cuirfear gach pointe den imlíne ar phointe eile den imlíne de bharr scáthú in XY.

Q.E.D

Atoradh 1 — Sé an láirlíne ingearach a.s. chórda chiorcail ar bith.

Atoradh 2 — Tá líne cheangail lár córda le lár an ⊙ féin, ingearach leis an gcórda.

Atoradh 3 — Má ghearrann dhá chiorcal a chéile i ndhá phointe, sí líne cheangail na lár a.s. an chomhchórda.




Ó's córda san dá ⊙ é PQ caithfidh a.s. PQ dul tré $O_1$ agus tré $O_2$. ∴ Sí an líne $O_1O_2$ í.

Tosach leathanach 27 sa LSS.

## 3.5 Teoirim VI

*I gciorcal ar bith, ais shuiméitreachta is ea gach lálíne.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 27.

*Hipotéis:*

Lárlíne ar bith is ea $XY$ i gciorcal gurb é $O$ a lár.

*Tógáil:*

Tré phointe ar bith $P$ ar an imlíne tarraing ancórda $PQ$ atá $\perp$ le $XY$. Ceangail $OP$, $OQ$.

*Cruthúnas:*

Is gatha an $\odot$ iad $OP, OQ$ ionas gur $\Delta$ cómhchosach é $OPQ$.
'Sé $OM$ an t-ingear ó'n stuac ar an mbonn $PQ$.
$\therefore$ Sé $OM$ a.s. an $\Delta$ $OPQ$, agus fágann sin gur scátha a chéile in $XY$ iad na pointí $P$ agus $Q$.
Mar an gcéanna, cuirfear gach pointe den imlíne ar phointe eile den imlíne de bharr scáthú in $XY$. □

**Theorem 6.** *In any circle, each diameter is an axis of symmetry.*

*Hypothesis:*

$XY$ is some diameter of a circle with centre $O$.

*Construction:*

Through any point $P$ on the perimeter draw a chord $PQ \perp$ to $XY$. Join $OP$, $OQ$.

*Proof:*

$OP, OQ$ are radii of the $\odot$, so that $OPQ$ is an isosceles $\Delta$.
$OM$ is the perpendicular from the apex on the base $PQ$.
$\therefore$ $OM$ is the a.s. of $\Delta$ $OPQ$, and it follows that the points $P$ and $Q$ are the reflections of one another in $XY$.
Similarly, each point of the perimeter is placed on some other point of the perimeter when reflected in $XY$. □

### Atora 1

*Sí an lárlíne ingearach a.s. chórda chiorcail ar bith.*

### Atora 2

*Tá líne cheangail lár córda le lár an $\odot$ féin, ingearach leis an gcórda.*

### Atora 3

*Má ghearrann dhá chiorcal a chéile i ndhá phointe, sí líne cheangail na lár a.s. an chómhchórda.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 27.

Ó's córda san dá ⊙ é $PQ$ caithfidh a.s. $PQ$ dul tré $O_1$, agus tré $O_2$. dbs Sí an líne $O_1O_2$ í.

**Corollary 1.** *The perpendicular diameter is the a.s. of any chord.*

**Corollary 2.** *The line joining the centre of a chord to the centre of the ⊙ is perpendicular to the chord.*

**Corollary 3.** *If two circles cut one another in two points, then the line joining the centres is the a.s. of their common chord.*

Since $PQ$ is a chord in both circles, the a.s. of $PQ$ has to go through $O_1$, and through $O_2$. ∴ it is the line $O_1O_2$.

Teoirim VII

I dtriantán ar bith tagann aisí suiméitreachta na slios le chéile in aon phointe amháin.




Tógáil  Tarraing MO agus NO aisí suiméitreachta na slios AC is AB.
Tá le cruthú go ngabhann a.s. an tsleasa BC tré O.

Cruthúnas

Ós pointe é O in a.s. AB, scátha a chéile in NO sea A agus B.
∴ OA = OB.
Mar an gcéanna tá O ar a.s. AC, ionnus go bhfuil OA = OC.
Fágann san OA = OB = OC.
Ach de thairbhe OB = OC gabhann a.s. BC tré O (Teoirim IV)
Q.E.D.

Atora 1  Gabhann an ⊙ gurb é O a lár agus ar ga dó OA (=OB=OC) tré reanna an △ ABC.
Iomchiorcal an △ a tugtar ar an gciorcal úd; 'sé O iomlár an triantáin.

Atora 2  Ní ghabhann ach ciorcal amháin tré trí phointí ar bith nach bhfuil cóimhlíneach.
Mar, cuintear lár (agus ga) singil amháin de réir tógála na teoirime thuas.
Is ionann an atora seo is a rá nach bhfuil thar dhá phointe teagmhála ag dhá chiorcal dhifriúla.

Atora 3  Ní féidir trí dronlínte cómhfhada a tharraingt ó phointe P go dtí imlíne chiorcail, marab é P féin lár an chiorcail.
Mar, de thairbhe PA = PB = PC, tá P ar a.s. na dtrí slios; ∴ 'sé lár an ⊙ABC é.

Tosach leathanach 28 sa LSS.

## Teoirim VII

*I dtriantán ar bith tagann aisí suiméitreachta na slios le chéile in aon phointe amháin.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 28.

*Tógáil:*
Tarraing $MO$ agus $NO$ aisí suiméitreachta na slios $AC$ is $AB$.
Tá le cruthú go ngabhann a.s. an tsleasa $BC$ tré $O$.

*Cruthúnas:*
Ó's pointe é $O$ in a.s. $AB$, scátha a chéile in $NO$ is ea $A$ agus $B$.

$$\therefore OA = OB.$$

Mar an gcéanna tá $O$ ar a.s. $AC$, ionnas go bhfuil $OA = OC$.
Ach de thairbhe $OB = OC$ gabhann a.s. $BC$ tré $O$ (Teoirim IV). □

**Theorem 7.** *In any triangle the axes of symmetry of the three sides meet in a single point.*

*Construction:*
Draw $MO$ and $NO$, the axes of symmetry of the sides $AC$ and $AB$.
We have to prove that the a.s. of the side $BC$ passes through $O$.

*Proof:*
Since $O$ is a point in the a.s. of $AB$, $A$ and $B$i are reflections of one another in $NO$.

$$\therefore OA = OB.$$

Similarly, $O$ is on the a.s. of $AC$, so that $OA = OC$.
But since $OB = OC$ the a.s. of $BC$ passes through $O$ (Theorem 4). □

## Atora 1

*Gabhann an ⊙ gurb é $O$ a lár agus ar ga dó $OA$ $(= OB = OC)$ tré reanna an $\Delta$ $ABC$.*

*Iomchiorcal* an $\Delta$ a tugtar ar an gciorcal úd; 'Sé $O$ *iomlár* an triantáin.

## Atora 2

*Ní ghabhann ach ciorcal amháin tré trí phointí ar bith nach bhfuil cóimhlíneach.*

Mar , cinntear lár (agus ga) singil amháin de réir tógála na teorime thuas.
Is ionann an atora seo is a rá nach bhfuil thar dhá phointe teagmhála ag dhá chiorcail dhifriúla.

## Atora 3

*Ní féidir trí dronlínte cómhfhada a tharraingt ó phointe $P$ go dtí imlíne chiorcail, morab é $P$ féin lár an chiorcail.*

Mar , de thairbhe $PA = PB = PC$, tá $P$ ar a.s. na dtrí slios; .i. 'sé lár an $\odot ABC$ é.

**Corollary 1.** *The $\odot$ with centre $O$ and radius $OA$ $(= OB = OC)$ goes through the vertices of the $\Delta$ $ABC$.*

The *circumcircle of the* $\Delta$ is the name given to that circle; $O$ is the *circumcentre* of the triangle.

**Corollary 2.** *There is just one circle that passes through three given non-collinear points.*

For the construction in the above theorem determines a single centre (and radius).

Another way to state this corollary is to say that two different circles can have no more than two points in common.

**Corollary 3.** *It is impossible to draw three equally-long straight lines from a point $P$ to the perimeter of a circle, unless $P$ itself is the centre of the circle.*

For , since $PA = PB = PC$, the point $P$ is on the a.s. of the three sidea, .i. it is the centre of the $\odot ABC$ é.

Nótaí (1) Baineann dhá stuagh le córda ciorcail ar bith AB; tugtar an mion-stuagh AB ar an gceann is giorra orthu.

(2) Nuair leagtar stuagh ciorcail AB ar stuagh chómhfhada CD de bharr scáthú i láirlíne, is soiléir gur stuaghanna iad AB agus CD atá i dtreoanna contrárdha ar an imlíne.

Má's le casadh timpeall an láir áfach, a cuirtear stuagh AB ar cheann eile XY, tá na stuaghanna AB agus XY in aon treo amháin ar imlíne an chiorcail.

## Teoirim VIII

Má tá dhá chórda ciorcail cómhfhada le chéile (agus ∥) táid siméitreach san láirlíne tré na bpointe teagmhála.







Má's ar an imlíne a ghearras na córdaí cómhfhada AB, AC a chéile, níl aon chórda eile tré A atá cómhfhada leo (teoirim VII), agus tá an teoirim soiléir de réir teoirme VI.

a tora 3

Hipotéis

Abair anois go bhfuil AB = XY, agus ainmnigh na córdaí sin i gcaoi go bhfuil na mion-stuaghanna AB, XY contrárdha maidir le treo.

Tátall Scátha a chéile i láirlíne isea na córdaí AB agus XY.

Cruthúnas

De bharr an plána a scáthú in a. s. AX, leagtar an córda XY ar chórda éigin den dá chórda AB, AC tré A atá cómhfhada leis.

Ní féidir gur ar AC a thuiteas sé, de bhrí go bhfuil na mion-stuaghanna XY agus AC in aon treo amháin.

Fágann sin go gcuirtear an córda (agus an stuagh) XY anuas ar AB.

Q. E. D.


under Rot BOC BA → CD : angle between BA and CD = $\hat{BOC}$

Bisector of this angle ∥ AC and so equal ∠ BAC

∴ ∠ BOC = 2 ∠ BAC

Tosach leathanach 29 sa LSS.

### Nótaí

(1) Baineann dhá stua le córda ciorcail ar bith $AB$; tugtar an *mion-stua* $AB$ are an gceann is giorra orthu.
(2) Nuair leagtar stua ciorcail $AB$ ar stua chómhfhada $CD$ de bharr scáthú i lárlíne, is soiléir gur stuanna iad $AB$ agus $CD$ atá i dtreonna *contrárdha* ar an imlíne.

Má's le casadh timpeall an láir áfach, a cuirtear stua $AB$ or cheann eile $XY$, tá na stuanna $AB$ agus $XY$ in aon treo amháin ar imlíne an chiorcail.

### Notes

(1) There are two arcs associated to any given chord $AB$ of a circle; the shorter of them is called the *minor arc* $AB$.
(2) When a circle arc $AB$ is laid on an equally-long arc $CD$ as a result of reflection in some diameter, it is clear that the arcs $AB$ and $CD$ run in *opposite* directions on the perimeter.

However, if it is a rotation about the centre that lays the arc $AB$ on another one $XY$, then the arcs $AB$ and $XY$ go in the same direction on the perimeter of the circle.

## 3.6 Teoirim VIII

*Má tá dhá chórda ciorcail cómhfhada le chéile, táid suiméitreach san lárlíne tré na bpointe teagmhála.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 29.

Má's ar an imlíne a ghearas na córdaí cómhfhada $AB$,$AC$ a chéile, níl aon chórda eile tré $A$ atá cómhfhada leo (Teoirim VII) agus tá an teoirim soiléir de réir teoirme VI.

*Hipotéis:*
Abair anois go bhfuil $AB = XY$, agus ainmnigh na córdaí sin ionnas go bhfuil na mion-stuanna $AB$, $YXY$ contrárdha maidir le treo.

*Tátall:*
Scátha a chéile i lárlíne is ea na córdaí $AB$ agus $XY$.

*Cruthúnas:*
De bharr an plána a scáthú in a.s. $AX$, leagtar an córda $XY$ ar córda éigin den dá chórda $AB$, $AC$ tré $A$ atá cófhada leis.

Ní féidir gur ar $AC$ a thiteas sé , de bhrí go bhfuil na mion-stuanna $XY$ agus $AC$ is aon treo amháin.

Fágann sin go gcuirtear an córda (agus an stua) $XY$ anuas ar $AB$.

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 29, ag bun ar chlé.

**Theorem 8.** *If two chords of a circle have the same length, they are symmetrical in the diameter through the point where they meet.*

If equally-long chords $AB$,$AC$ cut one another on the perimeter, then there is no other chord through $A$ that has the same length as them (Theorem 7) and (in that case) the theorem is clear from Theorem 6.

*Hypothesis:*

Suppose now that $AB = XY$, and name those chords so that the minor arcs $AB$, $XY$ have opposite directions.

*Conclusion:*

The chords $AB$ and $XY$ are reflections of one another in a diameter.

*Cruthúnas:*

When the plane is reflected a.s. $AX$, the chord $XY$ is laid on one of the two chords $AB$, $AC$ through $A$ that have the same length as it.

It cannot land on $AC$, because the minor arcs $XY$ and $AC$ have the same direction.

Thus the chord (and the arc) $XY$ lands on $AB$.

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 29, ag bun ar chlé.

Stray text in English in MSS (page 29, bottom, next to the figure):
under rot BOC $BA\ toCD$: angle between $BA$ and $CD = \widehat{BOC}$.

Bisector of this angle $\parallel AC$ and so equal $\hat{}BAC$.

$$\therefore \hat{}BOC = 2\hat{}BAC.$$

Atóra 1  Is cómhfhada na stuaghanna a ghearras córdaí cómhfhada ar imlíne chiorcail.

Atóra 2  Sin dhá chaoi chun córda ciorcail a leagan anuas ar chórda cóthrom; (a) le scáthú, a chuireas XY ar AB, (b) le casadh, a chuireas YX ar AB.

Atóra 3  Má leagtar dronlíne $l$ ar dhronlíne $m$ de bharr an plána a chasadh timpeall ar phointe O, luíonn O ar chómhroinnteoir de dhá chómhroinnteoir na h-uilleann idir $l$ is $m$.




Nuair tarraingtear an ⊙ tré X gur lár dó O, má's in A, B a ghearras sé $l$ agus $m$, feicfear go gcuirtear A ar X agus go gcuirtear X ar B.

∴ ~~córdaí cómhfhada isea AX agus~~ BX

∴ Leagtar AX ar an gcórda cómhfhada XB, agus táid suimétreach san láirlíne XO de réir na teoirme.

## Cleachtaithe

1) Dhá chórda ciorcail isea AB, CD atá ⊥ le láirlíne áirithe. Cruthuigh (i) AC = BD, (ii) AD = BC, (iii) go dtagann AD is BC le chéile ar láirlíne.

2) Téigheann trí ciorcail dhifriúla tré dhá phointe A, B. Teaspáin go bhfuil láir na gciorcal sin in aon líne amháin.

3) Nuair tugtar dhá phointe A, B, agus dronlíne $l$, tarraing ⊙ tré A is B go bhfuil a lár ar $l$.

4) 'Sé O lár an bhoinn BC sa △ ABC, agus 'sé an cineál triantáin é go bhfuil OA = OB = OC. Cruthuigh (1) go dtagann aist suimétreachta AB agus AC le chéile in O; agus (2) go bhfuil $\hat{A} = \hat{B} + \hat{C}$.

5) Aimsigh pointe O a bheas an fhad chéanna ó thrí phointe áirithe a tugtar.

6) Teaspáin cén chaoi a gcómhroinntear stua ciorcail.

7) Má tá na córdaí ciorcail AB agus XY cómhfhada, cruthuigh go bhfuil na h-ingir ón lár orthu cómhfhada. Cruthuigh freisin gur fíor a choinvéarsa sin.

8) Má's cómhfhada na h-ingir ó P ar dhá dhronlíne theagmhálacha cruthuigh go bhfuil P ar chómhroinnteoir d'uillinn idir an dá dhronlíne.

9. Gearrann dronlíne dhá chiorcal chómhláracha sna pointí A, B, C, D i n-ord a chéile ar an dronlíne. Cruthuigh AB = CD.

10. Tré phointe P taobh istigh de chiorcal áirithe, tarraing an córda atá cómhroinnte ag P. Tabhair cruthúnas ~~teid~~ led thógáil.

lth30

## Atora 1

*Is cómhfhada na stuanna a ghearas córdaí cómhfhada ar imlíne chiorcail.*

## Atora 2

*Sin dhá chaoi chun córda ciorcail a leagan anuas ar chórda chothrom: (a) le scáthú , a cuireas $XY$ ar $AB$, (b) le casadh, a chuireas $YX$ ar $AB$.*

## Atora 3

*Má leagtar dronlíne $\ell$ ar dhronlíne $m$ de bharr an plána a chasadh timpeall ar phointe $O$, luíonn $O$ ar chómhroinnteoir de dháchómhroinnteoir na huilleann idir $\ell$ is $m$.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 30.

Nuair tarraingítear an ⊙ tré $X$ gur lár dó $O$, má's in $AB$ a ghearas sé $\ell$ agus $m$, feicfear go gcuirtear $A$ ar $X$ agus go gcuirtear $X$ ar $B$.

.i. Leagtar $AX$ are an gcórda cómhfhada $XB$, agus táid suiméitreach san lárlíne $XO$ de réir na teoirme.

**Corollary 1.** *Chords of equal length cut arcs of equal length on the permimeter of a circle.*

**Corollary 2.** *Here are two ways to lay a chord of a circle on an equal chord: (a) by a reflection that lays $XY$ on $AB$, (b) by a rotation that lays $YX$ on $AB$.*

**Corollary 3.** *If the straight line $\ell$ is laid on the straight line $m$ as a result of rotating the plane about a point $O$, then $O$ ilies on one of the two bisectors of the angles between $\ell$ and $m$.*

When the ⊙ through $X$ with centre $O$ is drawn, if it cuts $\ell$ and $m$ in $AB$, it will be seen that $A$ is placed on $X$ and $X$ is placed on $B$.

.i. $AX$ is laid on the equally-long chord $XB$, and they are symmetrical in the line $XO$ according to the theorem.

## Cleachtaithe

1. Dhá chórda ciorcail is ea $AB$,$CD$ atá ⊥ le láirlíne áirithe. Cruthaigh (i) $AC = BD$, (ii) $AD = BC$, (iii) go dtagann $AD$ is $BC$ le chéile ar (an) láirlíne.

2. Téigheann trí ciorcail dhifriúla tré dhá phointe $A, B$. Teaspáin go bhfuil láir na gciorcail sin nin aon dronlíne amháin.

3. Nuair tugtar dhá phointe $A, B$ agus dronlíne $\ell$, tarraing ⊙ tré $A$ is $B$ a bhfuil a lár ar $\ell$.

4. 'Sé $O$ lár an bhoinn $BC$ sa $\Delta\ ABC$, agus 'sé an cineál triantáin é go bhfuil $OA = OB = OC$. Cruthaigh (1) go dtagann aisí suiméitreachta $AB$ agus $AC$ le chéile in $O$; agus (2) go bhfuil $\hat{A} = \hat{B} + \hat{C}$.

5. Aimsigh pointe $O$ a bhéas an fhad chéanna ó thrí phointí áirithe a tugtar.

6. Teaspáin cé'n chaoi a gcómhroinntear stua ciorcail.

7. Má tá na córdaí ciorcail $AB$ agus $XY$ cómhfhada, cruthuigh go bhfuil na hingir ó'n lár orthu cómhfhada. Cruthaigh freisin gur fíor a choinvéarsa sin.

8. Má's cómhfhada na hingir ó $P$ are dhá dhronlíne teagmhálacha cruthuigh go bhfuil $P$ ar chómhroinnteoir d'uillinn idir an dá dhronlíne.

Tosach leathanach 31 sa LSS.

9. Gearann dronlíne dhá chiorcal chómhláracha sna pointí $A, B, C, D$ in ord a chéile ar an dronlíne. Cruthaigh $AB = CD$.

10. Tré phointe $P$ taobh istigh de chiorcail áirithe, tarraing an córda atá cómhroinnte ag $P$. Tabhair cruthúnas led thógaáil.

## Exercises

1. $AB$,$CD$ are two chords of a circle that are $\perp$ to a certain diameter. Prove (i) $AC = BD$, (ii) $AD = BC$, (iii) that $AD$ and $BC$ meet on that diameter.

2. Three different circles pass through two points $A, B$. Show that the centres of those circles lie on a single straight line.

3. Given two points $A, B$ and a straight line $\ell$, draw a $\odot$ through $A$ and $B$ having its centre on $\ell$.

4. $O$ is the centre of the base $BC$ in $\Delta\ ABC$, and it is the kind of triangle in which $OA = OB = OC$. Prove (1) that the axes of symmetry of $AB$ and $AC$ meet at $O$; and (2) that $\hat{A} = \hat{B} + \hat{C}$.

5. Find a point $O$ that will be the same distance from three given points.

6. Show how to bisect an arc of a circle.

7. If the bisectors of the circle chords $AB$ and $XY$ are the same length, prove that the perpendiculars to them from the centre are the same length. Also, prove that the converse is valid.

8. If the perpendiculars from $P$ on two iintersecting straight lineare are equally long, prove that $P$ is on the bisector of an angle between the two straight lines.

9. A straight line cuts two concentric circles at the points $A, B, C, D$ in that order on the straight line. Prove that $AB = CD$.

10. Through a given point $P$ inside a certain circle, draw the chord that is bisected by $P$. Prove that your construction works.

# Teoirmí Breise

## Teoirim A

Is ionann dhá scáthú an phlána as a chéile sna dronlínte teagmhálacha $l$ is $m$, agus an plána a chasadh timpeall a bpointe teagmhála trí dhá oiread na huilleann idir $l$ is $m$.




Is léir go bhfanann O socair de bharr an dá scáthú.

## Tógáil

Tóg pointe ar bith P sa bplána agus línigh an ⊙ trí P gurb é O a lár. Aimsigh $P_1$ scáth an phointe P in $l$, agus $P_2$ scáth an phointe $P_1$ in $m$, gur pointí iad ar imlíne an ⊙ de réir teoirme VI.

Binneann na trí pointí $P\,P_1\,P_2$ in ord a chéile treo áirithe ar an imlíne, agus is do stuanna san treo sin a thagras an cruthúnas.

Scríobhfar $\widehat{AB}$ chun an stua AB a chomharthú.

## Cruthúnas

Comhroinneann $l$ an stuagh $PP_1$ (teoirim VI).

∴ tá $\widehat{PP_1} = 2 \times \widehat{AP_1}$.

Mar an gcéanna, tá $\widehat{P_1P_2} = 2 \times \widehat{P_1B}$, agus le suimiú faightear

$$\widehat{PP_2} = 2 \times \widehat{AB}.$$

∴ Buailtear P ar $P_2$ de bharr chasta timpeall O, gurb ionann é agus dhá oiread an chasta a chuireas $l$ ar $m$.

Bé nach mar a chéile na huilleacha $A\hat{O}B$ san dá léaráid (uilleacha den chineál $\hat{\alpha}$ agus $-(180°-\hat{\alpha})$ is ea iad ó chast ~~is ionann le chéile céanna a fhreagraíos don dá uillinn sin,~~ is cuma cé acu a cuirtear i gceist sa teoirim, de bhrí gurb é an casadh céanna a fhreagraíos don dá uillinn $2\hat{\alpha}$ agus $-360° + 2\alpha$.

**Nóta** Má's scáthú in $m$ a déantar i dtosach agus ná scáthlear an plána san líne $l$ ina dhiaidh sin, is ionann é sin agus

Tosach leathanach 32 sa LSS.

## 3.7 Teoirmí Breise

## 3.8 Teoirim A

*Is ionann dhá scáthú an phlána as a chéile sna dronlínte teagmhálacha $\ell$ is $m$, agus an plána a chasadh timpeall a bpointe teagmhála tré dhá oiread na huilleann idir $\ell$ is $m$.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 32.

Is léir go bhfanann $O$ socair de bharr an dá scáthú.

*Tógáil:*

Tóg pointe ar bith $P$ sa phlána agus línigh an ⊙ tré $P$ gurb é $O$ a lár. Aimsigh $P_1$ scáth an phoinnte $P$ in $\ell$, agus $P_2$ scáth an phointe $P_1$ in $m$, gur pointí iad ar imlíne an ⊙ de réir teoirme VI.

Cinneann na trí pointí $PP_1P_2$ in ord a chéile treo áirithe ar an imlíne, agus is do stuanna *san treo sin* a thagras an cruthúnas.

Scríbhfar $\widehat{AB}$ chun an stua $AB$ a chomharchú.

*Cruthúnas:*

Cómhroinnrann $\ell$ an stua $PP_1$ (teoirim VI).

$\therefore$ tá $\widehat{PP_1} = 2 \times \widehat{AP_1}$.

Mar an gcéanna, tá $\widehat{P_1P_2} = 2 \times \widehat{P_1B}$, agus le suimiú fáighter

$$\widehat{PP_2} = 2 \times \widehat{AB}.$$

.i. Cuirtear $P$ ar $P_2$ de bharr chasta timpeall $O$, gurb ionann é agus dhá oiread an chasta a chuireas $\ell$ ar $m$.

Cé nach mar a chéile ne huilleacha $\widehat{AOB}$ san dá léaráid (uilleacha den chineál $\hat{\alpha}$ agus $-(180° - \hat{\alpha})$ is ea iad ó ???) is cuma cé acu a cuirtear i gceist sa teoirim, de bhrí gurb é an casadh céanna a fhreagraíos don dá uillinn $2\hat{\alpha}$ agus $-360° + 2\hat{\alpha}$.

## 3.9 Extra Theorems

**Theorem A.** *The same effect is produced by ireflecting the plane in succession in two intersecting straight lines $\ell$ and $m$, and by rotating the plane about the point of intersection through twice the angle between $\ell$ and $m$.*

It is clear that $O$ remains fixed under the two reflections.

*Construction:*

2) Crann bratáigh isea XY, agus pointe ar an talamh cothrom isea P i gcaoi go bhfuil 30 sl. idir P agus bun an chrainn bhratáigh X. Áirítear 20° don uillinn XPY. Línigh an Δ dronuilleach PXY de réir an scála 15 sl. in aghaidh 1 ór., agus faigh áirde XY.

3) Trí bailte isea A, B, C. Tá B 20 míle thiar ó A go díreach, ach tá C thiar ó thuaidh de A agus é 35 míle uaidh. Aimsigh fad agus treo na líne BC.

4) Chuaidh duine 10 míle soir ó phointe A. Tar éis dó 6 mhíle soir ó thuaidh a chur de ina dhiaidh sin d'athrúigh sé (a) treo arís agus chuaidh sé 5 mhíle siar. Cá fhaide ó bhaile atá sé anois?

Tosach leathanach 67 sa LSS.

## Cleachtaithe

1. Tarraing Δ ar sleasa dhó 3 ór. agus $2\frac{1}{2}$ ór., agus 30° a bheith san uillinn eatorru.
2. Tarraing Δ ar stuanna dhó $1\frac{1}{2}$", 2", $2\frac{1}{2}$". Cad é an uille atá ós cóir an tsleasa is fuide? Cad é an uille is lú?
3. Tarraing Δ fá na h-uilleacha 40°, 60°, 80° nuair 'sé 3" fad an tsleasa atá ós cóir na huilleann is mó.

## Exercises

1. Draw a Δ having sides 3 in. and $2\frac{1}{2}$ in., and with 30° in the angle between them.
2. Draw a Δ with sides $1\frac{1}{2}$", 2", $2\frac{1}{2}$". What is the angle opposite the longest side? What is the least angle?
3. Draw a Δ with angles 40°, 60°, 80° where the side opposite the greatest angle is 3" long.

## Tríantáin i gCóimhréir

In áit a bheith cómhfhada, má's i gcóimhréir atá na sleasa a luaitear sa teoirim, tá uilleacha triantáin acu ar cómhméad le h-uilleacha an triantáin eile, ach is i gcóimhréir (de réir an chóimhmeasa chéanna $k:1$, abair) atá na sleasa. Fágann sin go bhfuil Δ acu ina chóip de réir an scála $k:1$ den cheann eile.

Gheofar chruthúnas don tora úd i gcaib IX[1], ach ní miste é a lúa anseo mar gheall ar a thábhachtaí is atá sé . Is iomdha leas a bhaineas *silbhe*ára as.

## Triangles in Proportion

If, instead of having the same length, the sides mentioned in the theorem are in proportion, then the angles in one triangle are the same size as the angles in the other triangle, but all the sides are in proportion (according to the same ratio $k:1$, say). It follows that one triangle is a scale copy of the other in the ratio $k:1$.

You will find the proof of that result in Chapter 9 [2], but it is as well to mention it here because of its importance.

Surveyers make much use of it.

[1] nár ann dó san LSS

[2] This refers to a non-existent chapter in the MSS.

5) Pólla telegrafa isea AB, agus ó phointe X ar an mbóthar tuglar fá deara go bhfuil $A\hat{X}B = 30°$. Ag pointe eile Y ar an mbóthar atá níos goire don phólla agus é 30 tr. ó X, tá 50° san uillinn $A\hat{Y}B$. Faigh áirde an phólla go h-athchomair le léaráid a tarraingítear de réir an scála 20 tr. in aghaidh 1".

6) Tá dhá long X is Y ar farraige, agus pointí ar an gcladach isea A is B ionnus go bhfuil B míle bealaigh thoir ó A go díreach. Ag an bpointe céanna tuglar fá deara go bhfuil $X\hat{B}A = 60°$, $Y\hat{B}A = 40°$, $Y\hat{A}B = 80°$, $X\hat{A}B = 45°$.

Faigh fad agus treo na líne ~~AB~~ XY.

## An Cás Dá-bhrítheach

7) Má tá dhá shlios agus uille (atá ós cóir sleasa acu ~~nach í an uille a chrioslaíonn an péire~~) i dtriantán cothrom le dhá shlios agus leis an uillinn fhreagarthaí i dtriantán eile, ní gá don dá thriantán sin a bheith congrúach, cé go bhféadfadh sé sin a thárlú.

Mara bhfuil siad congrúach áfach, cruthuigh de thairbhe na léaráide thíos gur uilleacha fórlíontacha iad na h-uilleacha atá ós cóir an dá shlios chómhfhada eile.


8) Sa gcás dá-bhrítheach má's eol nach bhfuil maoluille i dtriantán ar bith den phéire, cruthuigh go bhfuil na Δ congrúach le chéile.

9) Má's dronuilleacha iad na h-uilleacha cothroma a luaitear i gceist 7, cruthuigh go bhfuil na triantáin congrúach.

## Cleachtaithe

1. Tá 100 tr., 72 tr., agus 80 tr. i sleasa $\Delta$ áirithe. Línigh an $\Delta$ de réir an scála 40 tr. in aghaidh an órlaigh, agus tomhas an uille is mó.

2. Crann brataigh is ea $XY$, agus pointe ar an talamh cothrom is ea $P$ i gcaoi go bhfuil 30 sl. idir $P$ agus bun an chrainn bhrataigh $X$. Áirítear 20° don uillinn $\widehat{XPY}$. Línigh an $\Delta$ dronuilleach $PXY$ de réir an scála 15 sl. in aghaidh 1 ór., agus faigh áirde $XY$.

3. Trí bailte is ea $A, B, C$. Tá $B$ 20 míle thiar ó $A$ go díreach, agus tá $C$ thiar ó thuaidh de $A$ agus é 30 mhíle uaidh. Aimsigh fad agus treo na líne $BC$.

4. Chuaidh duine 10 míle soir ó phointe $A$. Tar éis dó 6 mhíle soir ó thuaidh a chur de ina dhiaidh sin d'athruigh sé a threo arís agus chuaidh sé 5 mhíle siar. Cá fhaide ó bhaile atá sé anois?

   Tosach leathanach 68 sa LSS.

5. Pólla telegrafa is ea $AB$, agus ó phointe $X$ ar an mbóthar tugtar fá deara go bhfuil $\widehat{AXB} = 30°$. Ag pointe eile $Y$ ar an mbóthat atá níos goire don phólla agus é 30 tr. ó $X$, tá 50° san uillinn $\widehat{AYB}$. Faigh áirde an phólla go h-athchomair le léaráid a tarraingítear de réir an scála 20 tr. in aghaidh 1".

6. Tá dhá loing $X$ is $Y$ ar farraige, agus pointí ar an gcladach is ea $A$ is $B$ ionas go bhfuil $B$ míle bealaigh thoir ó $A$ go díreach. Ag an bpointe ama céanna tugtar fá deara go bhfuil $\widehat{XBA} = 60°$, $\widehat{YBA} = 40°$, $\widehat{YAB} = 80°$, $\widehat{XAB} = 45°$.

   Faigh fad agus treo na líne $XY$.

### An Cás Dá-bhrítheach

7. Má tá dhá shlios agus uille (atá ós cóir shleasa acu) i dtriantán cothrom le dhá shlios agus leis an uillinn fhreagarchaí i dtriantán eile, ní gá don dá thriantán sin a bheith congrúach, cé go bhféadfadh sé sin a thárlú.

   Mora bhfuil siad congrúach áfach, cruthuigh de thairbhe na léaráide thíos gur uilleacha fóirlíontacha iad na h-uilleacha atá ós cóir an dá shlios chómhfhada eile.

   Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 68.

8. Sa gcásdá-bhrítheach má's eol nach bhfuil maoluille i dtriantán ar bith den péire, cruthuigh go bhfuil na $\Delta$ congúach le chéile.

9. Má's dronuilleacha iad na h-uilleacha cothroma a lúaitear i gceist 7, cruthuigh go bhfuil na triantáin congrúach.

## Exercises

1. The sides of a particular triangle have 100 ft., 72 ft., agus 80 ft.. Draw the triangle to the scale of 40 ft. to the inch, and measure the larget angle.

2. $XY$ is a flagpole, and $P$ is a point on the level ground such that there are 30 yd. between $P$ and the bottom $X$ of the flagpole. The angle $\widehat{XPY}$ is reckoned at 20°. Draw the right-angle $\Delta\, PXY$ at a scale of 15 yards to 1 inch, and find the height of $XY$.

3. $A, B, C$ are three towns. $B$ is 20 miles directly west of $A$, and $C$ is northwest of $A$ and 30 miles away from it. Find the length and direction of the line $BC$.

4. A person went 10 miles east from point $A$. After travelling a further 6 miles north-east he changed direction again and went 5 miles west. How far away from home is he now?

5. $AB$ is a telegraph pole, and from a point $X$ on the road it is observed that $\widehat{AXB} = 30°$. At another point $Y$ on the road, closer to the pole and 30 ft. from $X$, the angle $\widehat{AYB}$. neasures 50°. Find the height of the pole approximately by drawing a diagram to the scale of 20 ft. to the inch.

6. Two ships $X$ and $Y$ are at sea, and $A$ and $B$ are points on the shore, with $B$ a mile due east from $A$. At a certain moment it is observed that $\widehat{XBA} = 60°$, $\widehat{YBA} = 40°$, $\widehat{YAB} = 80°$, $\widehat{XAB} = 45°$.

   Find the length and direction of the line $XY$.

### The Ambiguous Case

7. If two sides and an angle (that is opposite one of them) in a triangle are equal to two sides and the corresponding angle in another triangle, it is not necessarily the case that those two traingles are congruent, even though that might be the case.

   If, however, they are not congruent, prove using the diagram below that the angles opposite the other two equal sides are complementary.

8. In the ambiguous case, if it is given that neither of the pair of triangles has an obtuse angle, prove that the $\Delta$ are congruent to one another.

9. If the equal angles mentioned on exercise 7 are right angles, prove that the triangles are congruent.

## Éagcudromóidí

San alt seo breithnítear éagcudromóidí áirithe a shíolraíos den tsonrú gurb í an dronlíne an fhad is giorra idir dhá phointe.

Scríobhtar > in áit "níos mó ná...", agus < in áit "níos lú ná..."

### Teoirim ~~XIX~~ XX

I dtriantán ar bith má's mó uille áirithe ná uille eile, is faide an slios atá ar aghaidh na h-uilleann is mó ná an slios atá ar aghaidh na h-uilleann eile; agus, is fíor an coinvéarsa.



Hipotesis  Tugtar $\hat{C} > B$.

Tátall  Tá $AB > AC$.

Tógáil  Déan $B\hat{C}X = \hat{B}$.

Cruthúnas

Tá $CX + XA > AC$ (sonrú dronlíne): agus, tá $CX = BX$ (teoirim V)

$\therefore$ Tá $BX + XA > AC$;  $\therefore$ $AB > AC$

Q.E.D.

Nóta  Is ionann le chéile a rá go bhfuil $\hat{C} > \hat{B}$, nó go bhfuil A agus C ar aon taobh amháin de ais shuiméitreachta BC.

Bhéarfar cruthúnas neamhdhíreach i gcóir an choinvéarsa.

An Coinvéarsa

Hipotesis  Tugtar $AB > AC$

Tátall  Tá $\hat{C} > \hat{B}$

Cruthúnas  Ní fhéadfadh A a bheith ar a.s. BC, gan AB a bheith = AC.

Ní fhéadfadh A is B a bheith ar an taobh chéanna de a.s. BC gan AC a bheith > AB (de réir na teoirime)

Ach ní thagann tátall acu súd leis an hipotesis $AB > AC$.

$\therefore$ Is ar aon taobh amháin le C atá A  $\therefore$ $\hat{C} > \hat{B}$  Q.E.D

Aliora  I dtriantán dronuilleach 'sé an hipotenúise an slios is faide.

Tosach leathanach 69 sa LSS.

## 6.2 Éagcudromóidí

San alt seo breithnítear éagcudromóidí áirithe a shíolraíos den tsonnrú gurb í an dronlíne an fhad is goire idir dhá phointe.

Scríobhtar > is áit “níos mó ná", agus < in áit “níos lú ná".

## 6.3 Inequalities

In this section we shall study inequalities that follow from the fact that the straight line is the shortest distance between two points.

We write > for “greater than" and < for “less than".

## 6.4 Teoirim XX

*I dtriantán ar bith má's mó uille áirithe ná uille eile, is fuide an slios atá ar aghaidh na h-uilleann is mó ná an slios atá ar aghaidh ne h-uilleann eile; agus is fíor an coinvéarsa.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 69.

*Hipotéis:*
Tugtar $\hat{C} > \hat{B}$.

*Tátall:*
Tá $AB > AC$.

*Tógáil:*
Déan $\widehat{BCX} = \hat{B}$.

*Cruthúnas:*
Tá $CX + XA > AC$ (sonnrí dronlíne); agus tá $CX = BX$ (teoirim V).
∴ Tá $BX + XA > AC$; ∴ $AB > AC$. □

Bhéarfar crutúnas neamhdíreach i gcóir an choinvéarsa.

### An Coinvéarsa

*Hipotéis:*
Tugtar $AB > AC$.

*Tátall:*
Tá $\hat{C} > \hat{B}$.

*Cruthúnas:*
Ní fhéadfadh $A$ a bheith ar a.s. $BC$, gan $AB$ a bheith $= AC$.

Ní fhéadfadh $A$ is $B$ a bheith ar an taobh chéanna de a.s. $BC$ gan $AC$ a bheith $> AB$ (de réir na teoirme).

Ach ní thagann tátall acu siúd leis an hipotesis $AB > AC$.

$\therefore$ Is ar aon taobh amháin le $C$ atá $A$ .i. $\hat{C} > \hat{B}$. □

## Atora

*I dtriantán dronuilleach 'sé an hipotenúse an slios is faide.*

**Theorem 20.** *In any triangle if a particular angle is greater than another angle, then the side opposite the greater angle is longer than the side opposite the other angle; and the converse is also true.*

*Hypothesis:*

We are given $\hat{C} > \hat{B}$.

*Conclusion:*

$AB > AC$.

*Construction:*

Make $\widehat{BCX} = \hat{B}$.

*Proof:*

We have $CX + XA > AC$ (definition of a line); and $CX = BX$ (Theorem 5).

$\therefore BX + XA > AC$; $\therefore AB > AC$. □

We shall give an indirect proof for the converse.

## The Converse

*Hypothesis:*

We are given $AB > AC$.

*Conclusion:*

$\hat{C} > \hat{B}$.

*Proof:*

$A$ could not lie on the a.s. of $BC$, unless $AB$ is $= AC$.

$A$ and $B$ could not be on the sme side of the a.s. of $BC$ without $AC$ being $> AB$ (by the theorem).

But neither of these conclusions agree with the hypothesis $AB > AC$.

$\therefore A$ lies on the same side as $C$ .i. $\hat{C} > \hat{B}$. □

**Corollary.** *In a right-angle triangle the hypotenuse is the longest side.*

## Teoirim XX

Tá dhá shlios i dtriantán comhfhada le dhá shlios i dtriantán eile, ach is mó an uille a chrioslaíonn an chéad phéire ná an uille a chrioslaíonn an péire eile. ~~Is faide bonn~~ Is é an triantáin gurb ann atá an uille is mó an triantán is fáide bonn.







Hipotesis Tá AB = DE, AC = DF, $E\hat{D}F > B\hat{A}C$.

Tátall Tá EF > BC.

Cruthúnas Leag an slios DE ar an slios comhfhada AB, agus le seáthú in AB (má's gá é), cuir △DEF san ionad ABK.

Fágann sin AK = AC, KB = EF, $K\hat{A}B > B\hat{A}C$.

Ó tharla $K\hat{A}B > B\hat{A}C$, tá AZ comhroinnteóir na huilleann KAC, idir AK agus AB.

Ach sé AZ a.s. na líne KC (teoirim IV), agus de bhrí go bhfuil B agus C ar an taobh chéanna dhí, tá BK > BC (teoirim XIX)

∴ Tá EF > BC

Q.E.D.

Atora I Ó phointe P, má tarraingítear dronlínte difriúla go dtí imlíne ~~ciorcail~~ chiorcail gurb é O a lár, teigheann an dronlíne is fáide agus an dronlíne is giorra díobh ~~siúd~~ tré O. Maidir le líne ar bith eile PX de na línte tré P, d'á laghad í an uille $P\hat{O}X$ ~~sea~~ is ea is giorra an líne sin.







Tá PX > PA, de bhrí go bhfuil OP+PX > OX ∴ OP+PX > OP+PA.

Tá PY > PX, de bhrí go bhfuil OP agus OX comhfhada le OP agus OY, ach is mó an uille $P\hat{O}Y$ ná an uille $P\hat{O}X$.

Tosach leathanach 70 sa LSS.

An tarna leagan de Teoirim XX:

## Teoirim XX

*Tá dhá shlios i dtriantán cómhfhada le dhá shlios i dtriantán eile, ach is mó an uille a chrioslaíonn an chéad péire ná an uille a chríoslaíonn an péire eile. Is é an triantán gurb ann atá an uille is mó an triantán is faide bonn.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 70.

*Hipotéis:*

Tá $AB = DE$, $AC = DF$, $\widehat{EDF} > \widehat{BAC}$.

*Tátall:*

Tá $EF > BC$.

*Cruthúnas:*

Leag an slios $DE$ ar an slios cómhfhada $AB$, agus le scáthú in $AB$ (má's gá é ), cuir $\Delta DEF$ san ionad $ABK$.

Fágann sin $AK = AC$, $KB = EF$, $\widehat{KAB} > \widehat{BAC}$.

Ó thárla $\widehat{KAB} > \widehat{BAC}$, tá $AZ$ cómhroinnteóir na h-uilleann $KAC$, idir $AK$ agus $AB$.

Ach 'sé $AZ$ a.s. na líne $KC$ (teoirim IV), agus de bhrí go bhfuil $B$ agus $C$ ar an taobh chéanna dhi, tá $BK > BC$ (teoirim III)

.i. Tá $EF > BC$. □

**Theorem.** *Suppose two sides in a triangle have the same lengths as two sides in another triangle, but the angle between the first pair is greater then the angle between the other pair. Then the triangle with the greater angle has the greater base.*

— the second version of Theorem 20

*Hypothesis:*

$AB = DE$, $AC = DF$, $\widehat{EDF} > \widehat{BAC}$.

*Conclusion:*

$EF > BC$.

*Proof:*

Lay the side $DE$ on the equal-length side $AB$, and by reflection in $AB$ (if necessary), put $\Delta DEF$ iin the position $ABK$.

It follows that $AK = AC$, $KB = EF$, $\widehat{KAB} > \widehat{BAC}$.

Since $\widehat{KAB} > \widehat{BAC}$, the straight line $AZ$, bisector of the angle $KAC$, lies between $AK$ and $AB$.

But $AZ$ s the a.s. of the line $KC$ (Theorem 4), and since $B$ and $C$ are on the same side of it, we have $BK > BC$ (Theorem 3) .i. $EF > BC$. □

## Atora 1

*Ó phointe $P$, má tarraingítear dronlínte difriúla go dtí imlíne chiorcail gurb é $O$ a lár, téigheann an dronlíne is faide agus an dronlíne is giorra díobh tré $O$. Maidir le líne ar bith eile $PX$ de na línte tré $P$, d'á i laghad í an uille $\widehat{POX}$ is ea is giorra an líne sin.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 70.

Tá $PX > PA$, de bhrí go bhfuil $OP + PX > OX$ .i. $OP + PX > OP + PA$.

Tá $PY > PX$, de bhrí go bhfuil $OP$ agus $OX$ cómhfhada le $OP$ agus $OY$, ach is mó an uille $\widehat{POY}$ ná an uille $\widehat{POX}$.

**Corollary 1.** *If, from a point $P$, the various straight lines are drawn to the perimeter of a circle having centre $O$, then the longest and shortest of them pass through $O$. As far as any other line $PX$ through $P$, the smaller the angle $\widehat{POX}$ the shorter the line.*

We have $PX > PA$, because $OP + PX > OX$ .i. $OP + PX > OP + PA$.

$PY > PX$, because $OP$ and $OX$ have the same length as $OP$ and $OY$, but the angle $\widehat{POY}$ is greater than the angle $\widehat{POX}$.

Atoria 2 — I gciorcal ar bith má's goire don lár córda amháin ná córda áirithe eile, 'sé an chéad chórda acu siúd is faide.




Tugtar OQ > OP. Tá le cruthú go bhfuil AB > CD.

Cruthúnas

Cas an córda CD timpeall O go gcuirtear OQ ar OR, agus go dtiteann CD ar an gcórda XY.

Tá PA > PX (atoria 1), agus tá PX > XR (teoirim III, atoria)

∴ Tá PA > XR, ionnas go bhfuil 2PA > 2XR ∴ AB > XY.

## Cleachtaithe

1) Cruthuigh go bhfuil slios triantáin níos faide ná an difríocht idir an dá shlios eile.

2) Pointe is ea P atá taobh istigh den Δ ABC, agus teagmhaíonn BP le AC in X. Cruthuigh go bhfuil (i) AB+AC > BX+XC, (ii) BX+XC > BP+PC, (iii) AB+AC > BP+PC.

3) I gceathairshleasán ar bith taispeáin (i) gur mó leath-shuim na slios ná trasnán ar bith den dá thrasnán; (ii) gur mó leath-shuim na slios ná suim an dá thrasnán.

4) 'Siad P is Q pointí teagmhála dhá chiorcal ar lár dóibh O agus $O_1$, agus córda dúbailte trí P is ea LPM. Tarraingítear na h-ingir OX agus $O_1Y$ ar LPM. Cruthuigh (a) go bhfuil LM = 2XY: (b) go bhfuil $XY < OO_1$, mara bhfuil LM ∥ le $OO_1$.
Taispeáin cén chaoi a n-aimsítear an córda dúbailte is faide.

5) Má's pointe é P atá taobh istigh de chiorcal gur lár dó O, cruthuigh gurb é an córda atá ⊥ le OP an córda is giorra trí P.

Tosach leathanach 71 sa LSS.

## Atora 2

*I gciorcal ar bith má's goire don lár córda amháin ná córda áirithe eile, 'sé an chéad chórda acu siúd is faide.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 71.

Tugtar $OQ > OP$. Tá le cruthú go bhfuil $AB > CD$.

*Cruthúnas:*

Cas ancórda $CD$ timpeall $O$ go gcuirtear $OQ$ ar $OR$, agus go dtiteann $CD$ ar an gcórda $XY$.

Tá $PA > PX$ (atora 1), agus tá $PX > XR$ (teoirim III atora).

∴ Tá $PA > XR$, ionas go bhfuil $2PA > 2PX$ .i. $AB > XY$.

**Corollary 2.** *In any circle, if one chord is closer to the centre than a second chord, then the first chord is the longer.*

We are given $OQ > OP$. We have to prove that $AB > CD$.

*Proof:*

Rotate the chord $CD$ around $O$ to place $OQ$ on $OR$, so that $CD$ lies on the chord $XY$.

We have $PA > PX$ (Corollary 1), and $PX > XR$ (Theorem 3, Corollary).

∴ $PA > XR$, so that $2PA > 2PX$ .i. $AB > XY$.

## Cleachtaithe

1. Cruthuigh go bhfuil slios triantán níos faide ná an difríocht idir an dá shlios eile.

2. Pointe is ea $P$ atá taobh istigh den $\Delta ABC$, agus teagmhaíonn $BP$ le $AC$ in $X$. Cruthuigh go bhfuil (i) $AB + AC > BX + XC$, (ii) $BX + XC > BP + PC$, (iii) $AB + AC > BP + PC$.

3. I gceathairshleasán ar bith teaspáin (i) gur mó leath-shuim na slios ná treasnán ar bith den dá threasnán; (ii) gur mó leath-shuim na slios ná suim an dá threasnán.

4. 'Siad $P$ is $Q$ pointí teagmhála dhá chiorcail ar láir dóibh $O$ agus $O_1$, agus córda dúbailte tré $P$ is ea $LPM$. Cruthuigh (a) go bhfuil $LM = 2XY$; (b) go bhfuil $XY < OO_1$, mara bhfuil $LM \parallel$ le $OO_1$.

   Teaspáin cé'n chaoi a n-aimsítear an córda dúbailte is faide.

5. Má's pointe é $P$ atá taobh istigh de chiorcal gur lár dó $O$, cruthuigh gurb é an córda atá $\perp$ le $OP$ an córda is giorra tré $P$.

6 Sa bparallélogram ABCD maoluille isea an uille A istigh, ionnas gur géaruille í a fórlíon B. Cruthuigh de chabhair teoirme II go bhfuil an trasnán BD > AC.

7. I dtriantán ar bith ABC, is é M lár BC. Cruthuigh AB + AC > 2AM. Le suimiú teaspáin gur faide suim na dtrí slios ná suim na dtrí meánlíne.

8 Sa léaráid i dTr. B caib IV cruthuigh $BG = \frac{2}{3}BE$, $CG = \frac{2}{3}CF$. Teaspáin gur faide suim na meánlínte faoi dhó ná suim na slios fá trí.

9. Pointí isea A, B ar an taobh chéanna de dhronlíne áirithe l, agus pointe ar bith den líne l isea P. Más é $A_1$ scáth A in l, agus má ghearrann $A_1B$ an líne l ag C, cruthuigh go bhfuil $AP + PB > A_1B$ (.i. $AP + PB > AC + CB$).

10. Sa △ ABC is é X lár an tsleasa BC. Má tá AX > BX cruthuigh $\hat{B} + \hat{C} > \hat{A}$ agus gur géaruille í A dá réir.

Má tá AX < BX, cruthuigh gur maoluille í A.

Céard é an tátall nuair AX = BX?

11 Sa △ ABC gearrann comhroinnteoir $\hat{A}$ an bonn BC in X. Cruthuigh (i) AB > BX ; AC > XC.

Más faide AB ná AC cruthuigh (le scáthú in AX) gur faide BX ná XC.

Tosach leathanach 72 sa LSS.

6. Sa bparallélogram $ABCD$ maoluille is ea an uille $A$ istigh, ionas gur géaruille í a fóirlíon $B$. Cruthuigh de thairbhe teoirme II go bhfuil an treasnán $BD > AC$.

7. I dtriantán ar bith $ABC$, 'sé $M$ lár $BC$. Cruthuigh $AB + AC > 2AM$. Le suimiú teaspáin gur faide suim na dtrí slios ná suim na dtrí meánlíne.

8. Sa léaráid i dTr. B Caib IV cruthuigh $BG = \frac{2}{3}BE$, $CG = \frac{2}{3}CF$. Teaspáin gur faide suim na meánlínte faoi dhó ná suim na slios fá trí'

9. Pointí is ea $A, B$ ar an taobh chéanna de dhronlíne áirithe $\ell$, agus pointe ar bith den líne $\ell$ is ea $P$. Má 'sé $A_1$ scáth $A$ in $\ell$, agus má ghearrann $A_1B$ an líne $\ell$ ag $C$, cruthuigh go bhfuil $AP + PB > A_1B$ (.i. $AP + PB > AC + CB$).

10. Sa $\Delta ABC$ 'sé $X$ lár an tsleasa $BC$. Má tá $AX > BX$ cruthuigh $\hat{B} + \hat{C} > \hat{A}$ agus gur géaruille í $A$ d'á réir.

    Má tá $AX < BX$, cruthuigh gur maoluille í $A$.

    Céard é an tátall nuair $AX = BX$?

11. Sa $\Delta$ $ABC$ gearrann cómhroinnteoir $\hat{A}$ an bonn $BC$ in $X$. Cruthuigh (i) $AB > BX$; $AC > XC$.

    Má's faide $AB$ ná $AC$ cruthuigh (le scáthú in $AX$) gur faide $BX$ ná $XC$.

## Exercises

1. Prove that a side of a triangle is longer than the difference between the other two sides.

2. $P$ is a point inside the $\Delta ABC$, and $BP$ meets $AC$ at $X$. Prove that (i) $AB + AC > BX + XC$, (ii) $BX + XC > BP + PC$, (iii) $AB + AC > BP + PC$.

3. In any quadrilateral prove (i) that half the perimeter is greater than either diagonal; (ii) that half the perimeter is greater than the sum of the two diagonals.

4. $P$ and $Q$ are the common points of two circles having centres $O$ and $O_1$, and $LPM$ is a double chord through $P$. Prove (a) that $LM = 2XY$; (b) that $XY < OO_1$, unless $LM \parallel$ le $OO_1$.

   Show how to find the longest double chord.

5. If $P$ is a point inside a circle with centre $O$, prove that the chord that is $\perp$ to $OP$ is the shortest chord through $P$.

6. In the parallelogram $ABCD$ the inside angle $A$ is obtuse, so that its complement $B$ is an acute angle. Prove by using Theorem 2 that the diagonal $BD > AC$.

7. In any triangle $ABC$, let $M$ be the centre of $BC$. Prove that $AB + AC > 2AM$. By adding, show that the sum of the three sides is greater than the sum of the three medians.

8. In the diagram in Theorem B of Chapter 4, prove that $CG = \frac{2}{3}CF$. Show that twice the sum of the medians is greater than three times the sum of the sides.

9. $A, B$ are points on the same side of a certain straight line $\ell$, and $P$ is any point of the line $\ell$. If $A_1$ is the reflection of $A$ in $\ell$, and if $A_1B$ cuts the line $\ell$ at $C$, prove that $AP + PB > A_1B$ (.i. $AP + PB > AC + CB$).

10. In the $\Delta ABC$ the centre of the side $BC$ is $X$. i If $AX > BX$, prove that $\hat{B} + \hat{C} > \hat{A}$ and that consequently $A$ is an acute angle.

    If $AX < BX$, prove that $A$ is an obtuse angle.

    What is the conclusion when $AX = BX$?

11. In the $\Delta$ $ABC$ the bisector of $\hat{A}$ cuts the base $BC$ at $X$. Prove (i) $AB > BX$; (ii) $AC > XC$.

    If $AB$ is longer than $AC$, prove (by reflecting in $AX$) that $BX$ is longer than $XC$.

# Caibidil VII

## Uilleacha i gCiorcal Tadlaithe

I gCaib II. nuair leagtar dronlíne $l$ ar cheann eile $m$ le casadh an phlána timpeall a bpointe teagmhála A, is léir go bhfanann A féin socair, agus go gcuirtear pointe B den líne $l$ ar an bpointe C den líne eile ionnas go bhfuil AB = AC. Is mian linn anois tabhairt faoin gcasadh a bhreithniú a chuirfeas AB fán dronlíne eile AC ionnas go dtuitfidh B ar C, nuair nach bhfuil AB = AC. Ní h-é A lár an chasta anois.







Feicfimíd go bhfuil dhá chasadh dhifriúla a fheileas don cás de réir an treo ar leith ina gcuirtear an casadh i ngníomh.

Má 'sé O lár an chasta is eol dúinn (Teoirim VIII atóra 3) go bhfuil sé ar chómhroinnteoir éigin de dhá chómhroinnteoir na n-uilleann A. Má siad OX, OY na h-ingir uaidh ar na línte, is soiléir go gcuirfear OX ar OY ionnas gurb í $X\hat{O}Y$ uille an chasta.

Ach sa gceathairshleasán OXAY 'sé 360° suim na n-uilleann istigh (Caib IV), agus is dronuilleacha iad X agus Y, fágann sin $X\hat{O}Y$ = forlíon $X\hat{A}Y$ = $B\hat{A}C$ (Teoirim I) [= BAC (∴ II)]

Sin í go díreach an uille ~~idir na línte atá~~ den dá uillinn idir na línte atá in aon treo le h-uillinn an chasta.

∴ Má leagtar líne $l$ fán líne $m$ le casadh an phlána, is ionann uille an chasta (idir méad is treo) agus an uille idir $l$ agus $m$ a fhreagraíos di

# Caibidil 7

# Uilleacha i gCiorcal. Tadlaithe

Tosach leathanach 73 sa LSS.

## Angles in Circles. Tangents

I gCaib II nuair leagtar dronlíne $\ell$ ar cheann eile $m$ le casadh an phlána timpeall a bpointe teagmhála $A$, is léir go bhfanann $A$ féin socair, agus go gcuirtear pointe $B$ den líne $\ell$ ar an bpointe $C$ den líne eile ionas go bhfuil $AB = AC$. Is mian linn anois tabhairt fá'n gcasadh a bhreithiú a chuirfeas $AB$ fan dronlíne eile $AC$ ionas go dtitfidh $B$ ar $C$, nuair nach bhfuil $AB = AC$.
Ní hé $A$ lár an chasta anois

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 73.

Feicfimid go bhfuil dhá chasadh dhifriúla a fheileas don cás de réir an treo ar leith ina gcuirtear an casadh i ngníomh.

Má 'sé $O$ lár an chasta is eol dúinn (Teoirim VIII atora 3) go bhfuil sé ar chómhroinnteoir éigin de dhá chómhroinnteoir na huilleann $A$. Má siad $OX$,$OY$ na hingir uaidh ar na línte, is soiléir go gcuirfear $OX$ ar $OY$ ionas gurb í $\widehat{XOY}$ uille an chasta.

Ach sa gceathairshleasán $OXAY$ 'sé 360° suim na nuilleann istigh (Caib IV), agus ósdronuilleacha iad $X$ agus $Y$, fágann sin $\widehat{XOY}$ = fóirlíon $\widehat{XAY} = \widehat{BAC}$ ( Fiogh I)

Sin í go díreach an uille den dá uillinn [$BAC$ (Fiogh II) ][1] idir na línte atá in aon treo le h-uillinn an chasta.

*Má leagtar líne $\ell$ fan líne $m$ le casadh an phlána, is ionann uille an chasta (idir méad is treo) agus an uille idir $\ell$ agus $m$ a fhreagraíos di.*

[1]LSS doiléir

'S furasta anois an dá chasadh a chinneadh a leagas dronlíne BA ar dhronlíne CA i gcaoi go dtuitfidh B ar C.

Mar, de bhrí go gcaithfidh B agus C a bheith cómhfhada ó lár an chasta, luíonn an lár úd ar ais shuiméitreacha BC. Ach tá sé ar chómhroinnteoir den uillinn A é freisin

∴ Siad pointí teagmhála a.Δ BC le dhá chómh-roinnteoir na h-uilleann A, lár an dá chasadh a fheileas.

Léiríonn an dá theóirim seo a leanas cé'n chaoi a bhfuil siad i ngaol leis an Δ ABC.

## Teóirim XXI

Is ionann an uille a ghabhas stuagh ciorcail ag an imlíne agus an uille a ghabhas leath an stuagh sin ag lár an chiorcail.




<u>Hipotéis</u>: 'Sé M lár an stuagh BC, agus pointe den imlíne idea P.

<u>Tátall</u>: Tá $B\hat{P}C = B\hat{O}M$.

<u>Cruthúnas</u> Cas an plána timpeall O tré'n uillinn $B\hat{O}M$, ionnus go dtéann B go dtí M, agus go ngluaiseann P ar imlíne an O go dtí Q

∴ Tá stuagh BM = stuagh PQ, agus sé MQ ionad nua BP.
'Sé sin, tá uille an chasta $B\hat{O}M = \hat{\alpha}_1$.

Ach tugtar stuagh BM = stuagh MC.

∴ Tá stuagh MC = stuagh PQ, ionnas gurb í an láirlíne chéanna is ais shuiméitreachta do PC agus QM.

Fágann sin go bhfuil PC // QM, agus tá $\hat{\alpha}_1 = \alpha$ (Tr. XI)

∴ $B\hat{O}M = B\hat{P}C$ Q.E.D.

Tosach leathanach 74 sa LSS.

Is furusta anois an dá chasadha chinneadh a leagas dronlíne $BA$ ar dhronlíne $CA$ i gcaoi go dtuitfidh $B$ ar $C$.

Mar, de bhrí go gcaithfidh $B$ agus $C$ a bheith cómhfhada ó lár an chasta, luíonn an lár úd ar ais shuiméitreachta $BC$. Ach tá sé ar chómhroinnteoir den uillinn $A$ é freisin.

Siad pointí teagmhála a.s. $BC$ le dhá chómhroinnteoir na huilleann $A$, lár an dá chasadh a fheileas.

Léiíonn an dá theoirim seo a leanas cé'n chaoi a bhfuil siad i ngaol leis an $\Delta\ ABC$.

In Chapter II, when a straight line $\ell$ s placed on another $m$ by a rotation of the plane about their common point $A$, it is clear that $A$ itself stays fixed and a point $B$ of the line $\ell$ is placed on the point $C$ of the other line in such a way that $AB = AC$. Now we want to consider the rotation that will place $AB$ along another straight line $AC$ so that $B$ moves to $C$, when it is not the case that $AB = AC$.
This time, $A$ is not the centre of the rotation.

We shall see that there are two different rotations that meet the case, depending on the particular direction in which the rotation is made.

If $O$ is the centre of the rotation, then we know (Theorem 8, Corollary 3) that it lies on some bisector of the angle $A$. If $OX$,$OY$ are the perpendiculars from it on the lines, it is clear that $OX$ is placed on $OY$ so that $\widehat{XOY}$ is the angle of the rotation.

But in the quadrilateral $OXAY$ the sum of the inside angles is 360° (Chapter IV), and since $X$ and $Y$ are right angles, it follows that $\widehat{XOY}$ = the complement of $\widehat{XAY} = \widehat{BAC}$ (Fig I)

That is exactly the angle of the two angles [$BAC$ (Fig II) $a$] between that are in the same direction as the rotation angle.

*If a line $\ell$ s laid along a line $m$ by a rotation of the plane, then the angle of rotation is the same (in size and direction) as the corresponding angle between $\ell$ and $m$.*

It is easy now to determine the two rotations that will lay the straight line $BA$ on the straight line $CA$ and place $B$ on $C$.

For , since $B$ and $C$ have to be the same distance from the centre of the rotation, that centre lies on the axis of symmetry of $BC$. But it is also on a bisector of the angle $A$ as well.

The points where the a.s. of $BC$ meets the two bisectors of the angle $A$, are the centres of the two rotations that suit.

The following two theorems show their relationship to the $\Delta\ ABC$.

## 7.1 Teoirim XXI

*Is ionann an uille a ghabhas stua[2] ciorcail ag an imlíne agus an uille a ghabhas leath an stua sin ag lár an chiorcail.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 74.

[2]LSS: stuagh; ceartaithe go stua go minic sa LSS, agus anseo agamsa (AOF).

*Hipotéis:*
'Sé $M$ lár an stua $BC$, agus pointe den imlíne is ea $P$.

*Tátall:*
Tá $\widehat{BPC} = \widehat{BOMi}$.

*Cruthúnas:*
Cas an plána timpeall $O$ tré'n uille $\widehat{BOM}$,ionas go dtéann $B$ go dtí $M$, agus go ngluaiseann $P$ ar imlíne an $\odot$ go dtí $Q$.
$\therefore$ Tá stua $MB$ = stua $PB$ agus sé $MQ$ ionad nua $BP$.
'Sé sin 'sé uille an chasta $\widehat{BOM} = \hat{\alpha}_1$.
Ach tugtar stua $BM$ = stua $MC$.
$\therefore$ Tá stua $MC$ = stua $PQ$, ionas gurb í an lárlíne chéanna is ais shuiméitreachta do $PC$ agus $QM$.
Fágann sin go bhfuill $PC\|$ le $QM$ agus tá $\hat{\alpha}_1 = \hat{\alpha}$ (Tr. XI). $\widehat{BOM}$=$\widehat{BPC}$. □

**Theorem 21.** *The angle subtended by an arc of a circle at the perimeter is equal to the angle subtended by half that arc at the centre.*

*Hypothesis:*
$M$ is the centre of the arc $BC$, and $P$ is a point on the perimeter.

*Conclusion:*
$\widehat{BPC} = \widehat{BOM}$.

*Proof:*
Rotate the plane around $O$ through the angle $\widehat{BOM}$,so that $B$ goes to $M$, and so that $P$ moves on the perimeter of the circle to $Q$.
$\therefore$ The arc $MB$ = the arc $PB$ and $MQ$ is the new position of $BP$.
That is, the angle of the rotation is $\widehat{BOM} = \hat{\alpha}_1$.
But we are given that the arc $BM$ = the arc $MC$.
$\therefore$ arc $MC$ = arc $PQ$, so that the same diameter is an axis of symmetry for $PC$ and $QM$.
It follows that $PC\|$ to $QM$ and $\hat{\alpha}_1 = \hat{\alpha}$ (Theorem 11). $\widehat{BOM}$=$\widehat{BPC}$. □

Téarmaí Gineann córda ciorcail agus stuagh ar bith den dá cheann a ghearras sé den imlíne, fíoghair iadta d'a ngoirtear teascán ciorcail.

Pointí cómhchiorcalacha isea ceithre pointí (nó tuille) a ngabhann ciorcal tríothu uilig, agus tugtar ceathairshleasán cómhchiorcalach ar an gceathairshleasán a ghineas siad.

Atora 1 Is buan don uillinn $B\hat{P}C$ cibé cé'n áit ar an stuagh BPC a bhfuil an pointe P.
Mar is ionann é agus BOM atá seasmhach.
Tugtar uille an teascáin APB ar an uillinn sin.

Atora 2 Is dronuille í uille leithchiorcail.

Atora 3 I gceathairshleasán chómhchiorcalach uilleacha fóirlíontacha isea na h-uilleacha atá ar aghaidh a chéile.




Mar, is leithchiorcal é an tsuim nuair suimítear leath an stuagh $A\hat{P}B$ le leath an stuagh $A\hat{Q}B$.

Atora 4 I gciorcal ar bith (nó i gciorcail chómhionanna) is cómhfhada na stuaghanna a gabhas uilleacha cothroma ag an imlíne, agus is fíor an coinvéarsa.

Mar, ~~córda~~ stuaghanna isea iad a ghabhas uilleacha cothroma ag an lár freisin, de réir na teoirme.

Tosach leathanach 75 sa LSS.

## Téarmaí

Gineann córda ciorcail agus stua ar bith den dá cheann a ghearas sé den imlíne, fioghair iadta d'a ngoirtear *teascán* ciorcail.

Pointí *cóimhchioralacha* is ea ceithre pointí (nó tuille) a ngabhann ciorcal triothu uilig, agus tugtar ceathairshleasán *cóimhchioralach* ar an gceathairshleasán a ghineas siad.

## Atora 1

*Is buan don uillinn* $\widehat{BPC}$ *cébi cé'n áit ar an stua* $BPC$ *a bhfuil an pointe* $P$.

Mar is ionann í agus $BOM$ atá seasmhach.

Tugtar *uille an teascáin* $APB$ ar an uillinn sin.

## Atora 2

*Is dronuille í uille leithchiorcail.*

## Atora 3

*I gceathairshleasán chóichiorcalach uilleacha fóirlíontacha is ea na huilleacha atá ar aghaidh a chéile.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 75.

Mar , is leithchiorcal é an ttsuim nuair suimítear leath an stua $\widehat{APB}$ le leath an stua $\widehat{AQB}$.

## Atora 4

*I gciorcal ar bith (nó i gciorcail chóimhionanna) is cómhfhada na stua a gabhas uilleacha cothroma ag an implíne, agus is fíor an coinvéarsa.*

Mar , stuanna is ea iad a ghabhas uilleacha cothroma ag an lár freisin, de réir na teoirme.

# Teoirim XXII

Má cuirtear dronlíne BA fan dronlíne eile CA i gcaoi go dtiteann B ar C le casadh, comhroinneann lár an chasta stuagh den dá stuagh BC ar an gciorcal ABC.




**Hipotéis** 'Siad M, N pointí teagmhála a.s. BC le comhroinnteoirí na huilleann A.

**Tátal** Tá M, N ar an ⊙ ABC, agus lár na stuagh BC iseadh iad.

**Tógáil** Faigh O, lár MN.

**Cruthúnas** *

[* Footnote Bé gur fusa cruthúnas neadíreach is ionspéisiúla an ceann seo]

De bhrí go gcomhroinneann AN, AM uilleacha comhgharacha ag A, dronuille iseadh MAN, agus sé O ~~lár M~~ iomlár an Δ MAN.

Sa gcasadh timpeall M, cuirtear $\hat{\alpha}$ ar $\hat{\alpha}_1$, ∴ $\hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$.

Sa gcasadh timpeall N, cuirtear $\beta$ ar $\hat{\beta}_1$, ∴ $\hat{\beta} = \hat{\beta}_1$.

∴ $\hat{\alpha} + \hat{\beta} = \hat{\alpha}_1 + \hat{\beta}_1$

Ach tá $\hat{\alpha} + \hat{\beta} = M\hat{C}N$ (scátha a chéile in MN)

∴ Tá $M\hat{C}N$ = a fóirlíon $\hat{\alpha}_1 + \hat{\beta}_1$, ∴ dronuille iseadh MCN (agus MBN)

∴ Sé O iomlár na Δ MNC agus MNB chomh maith.

Gabhann an ⊙ ar lár dó O agus ar ga dó OM tré na pointí M, A, C, N, B go léir

De bhrí gurb í MN a.s. BC, 'siad M, N láir na stuagh BC.

**Aiora** ~~Nuair castar plána timpeall O, má thuiteann cuirtear~~ B ar

Má cuirtear pointe B ar phointe C de bharr casta ar bith, leagtar dronlíne ar bith tré B fan na dronlíne sin tré C a theagmhaíos leis an gréad cheann ar an gciorcal tré B, C agus lár an chasta.

[Tuigfear i dteoirim XXV céard á tharlaíos don líne BC féin]

[illegible] ag C

Tosach leathanach 76 sa LSS.

### Definitions

A chord of a circle and any arc of the two into which it cuts the perimeter make a closed figure that is called a *segment* of the circle.

*Concyclic points* are any four (or more) points through all of which some circle passes, and the quadrilateral they generate is called a *cyclic quadrilateral* .

**Corollary 1.** *The angle $\widehat{BPC}$ is constant, no matter where the point $P$ lies on the arc $BPC$.*

For it is equal to the fixed $\widehat{BOM}$.

That angle is called *the angle of the segment $APB$*.

**Corollary 2.** *The angle in a semicircle is a right angle.*

**Corollary 3.** *In a cyclic quadrilateral opposite angles are complementary.*

For , we get a semicircle when we add half the arc $\widehat{APB}$ and half the arc $\widehat{AQB}$.

**Corollary 4.** *In any circle (or in equal circles) arcs that subtend equal angles at the perimeter have the same length, and conversely.*

For , they are also arcs that subtend equal angles at the centre, by the theorem.

## 7.2 Teoirim XXII

*Má cuirtear dronlíne $BA$ fan dronlíne eile $CA$ i gcaoi go dtiteann $B$ ar $C$ le casadh, cómhroinneann lár an chasta stua den dá stua $BC$ ar an gciocal $ABC$.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 76.

*Hipotéis:*
'Siad $M, N$ pointí teagmhála a.s. $BC$ le cómhroinnteoirí na huilleann $A$.

*Tátall:*
Tá $M, N$ ar an $\odot ABC$, agus lár na stua $BC$ is ea iad.

*Tógáil:*
Faigh $O$, lár $MN$.

*Cruthúnas:*
[3]

De bhrí go gcómhroinneann $AN, AM$ uilleacha cómhgharacha ag $A$, dronuille is ea $MAN$, agus sé $O$ iomlár na $\Delta MAN$.

[3]Cé gur fusa cruthúnas neadrach is ionspéisiúla an ceann seo.

Sa gcasadh timpeall $M$, cuirtear $\hat{\alpha}$ ar $\hat{\alpha}_1 \therefore \hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$.
Sa gcasadh timpeall $N$, cuirtear $\hat{\beta}$ ar $\hat{\beta}_1 \therefore \hat{\beta} = \hat{\alpha}_1$.

$$\hat{\alpha} + \hat{\beta} = \hat{\alpha}_1 + \hat{\beta}_1.$$

Ach tá $\hat{\alpha} + \hat{\beta} = \widehat{MCN}$ (scátha a chéile in $MN$).
$\therefore$ Tá $\widehat{MCN}$= a fóirlíon $\hat{\alpha}_1 + \hat{\beta}_1$ .i. dronuille is ea $MCN$ (agus $MBN$).
.i. Sé $O$ iomlár na $\Delta$ $MNC$ agus $MNB$ chómh maith.
Gabhann an $\odot$ ar lár dó $O$ agus ar ga dó $OM$ tré na pointí $M, A, C, N, B$ go léir.
De bhrí gurb í $MN$ a.s. $BC$, 'siad $M, N$ lár na stua $BC$.

**Theorem 22.** *If a straight line $BA$ is moved by a rotation to another straight line $CA$ in such a way that $B$ is moved to $C$, then the centre of the rotation bisects one of the two arcs $BC$ on the circle $ABC$.*

*Hypothesis:*
$M, N$ are the points where the a.s. of $BC$ meets the bisectors of the angle $A$.

*Conclusion:*
$M, N$ are on the circle $ABC$, and are the centres of cthe arcs $BC$.

*Construction:*
Find $O$, the centre of $MN$.

*Proof:*
[4]

Since $AN, AM$ bisect adjacent angles at $A$, the angle $MAN$ is a right angle, and $O$ is the incentre of the $\Delta MAN$.
The rotation about $M$ places $\hat{\alpha}$ on $\hat{\alpha}_1 \therefore \hat{\alpha} = \hat{\alpha}_1$.
The rotation about $N$ places $\hat{\beta}$ on $\hat{\beta}_1 \therefore \hat{\beta} = \hat{\alpha}_1$.

$$\hat{\alpha} + \hat{\beta} = \hat{\alpha}_1 + \hat{\beta}_1.$$

But $\hat{\alpha} + \hat{\beta} = \widehat{MCN}$ (reflections of one another in $MN$).
$\therefore$ $\widehat{MCN}$= its complement $\hat{\alpha}_1 + \hat{\beta}_1$ .i. $MCN$ is a straight line (as is $MBN$).
.i. $O$ is the circumcentre of the $\Delta$ $MNC$ and of $MNB$ as well.
The $\odot$ with centre $O$ and radius $OM$ passes through all the points $M, A, C, N, B$.
Since $MN$ is the a.s. of $BC$, the points $M, N$ are the centres of the arcs $BC$.

## Atora

*Má cuirtear pointe $B$ ar phointe $C$ de bharr chasta ar bith, leagtar dronlíne ar bith tré $B$ fan na dronlíne sin tré $C$ a theagmhaíos leis an gcéad cheann ar an gciorcal tríd $B, C$ agus lár an chasta.*

[ Feicfear i dteoirim XXV céard a tharlaíos don líne $BC$ féin.][5]

[4]Even though a proof by contradition would be easier, this one is particularly interesting.
[5]Tadhlí ag $C$ (san imeall)

**Corollary.** *If a point $B$ is placed on a point $C$ by any rotation, any straight line through $B$ is moved to that straight line through $C$ that meets the first one on the circle that passes through $B, C$ and the centre of the rotation.*

[ It will be seen in Theorem 25 what happens to the line $BC$ itself.][6]

[6] A marginal note in the MSS says: Tangent at $C$.

## Ceisteanna

1) Cruthuigh gur dronuilleóg é gach ▱ comhchiorcalach

2) Má síntear síos ceathairshleasán chómhchiorcalaigh, taispeán gurb ionann an uille amuigh agus an uille atá ós a cóir istigh. Luaidh an casadh a chuireas uille acu ar an gceann eile.

3. Má's pointí iad M agus A atá ar aon taobh amháin den bhonn BC ionnus go bhfuil $M\hat{B}A = M\hat{C}A$, cruthuigh nach bhféadfadh an ⊙ MBA an líne AC a ghearradh i bpointe ar bith eile thairis C gan teoirim XXI a bhréagnú.

Tabhair, ar an gcuma sin, cruthúnas neadíreach i gcóir Tr XXII

4 Uilleacha forlíontacha iseadh dhá uillinn atá ar aghaidh a chéile i gceathairshleasán. Cruthuigh gur ceathair-shleasán comhchiorcalach é.

5. Siad BL, CM na hingir ó B, C ar shleasa AC agus BA an Δ ABC. Cruthuigh gur pointí comhchiorcalacha iad B, C, L, M.

6 Uilleacha sa teascán céanna iad BPC, BQC. Luaidh casadh a leagfas uille acu ar an gceann eile.

Tosach leathanach 77 sa LSS.

## 7.3 Cleisteanna

1. Cruthuigh gur dronuilleóg é gach ▱ cóimhchiorcalach.
2. Má síntear slios ceathairshleasáin chóimhchiocalaigh, teaspáin gurb ionann an uille amuigh agus an uille atá ós a cóir istigh. Luaidh an casadh a chuireas ceann acu ar an gceann eile.
3. Má;s pointí iad $M$ agus $A$ atá ar aon taobh amháin den bhonn $BC$ ionas go bhfuil $\widehat{MBA}=\widehat{MCA}$, cruthuigh nach féidir an $\odot MBA$ an líne $AC$ a ghearradh i bpointe ar bith eile thairis $C$ gan teoirim XXI a bhréagnú'

   Tabhair, ar an gcuma sin, cruthúnas neadréach i gcóir Tr. XXII.
4. Uilleacha fóirlíontacha is ea uillinn atá ar aghaidh a chéile i gceathairshleasán. Cruthuigh gur 4-shleasán cóimhchiorcalach é.
5. Siad $BL, CM$ na hingir ó $B, C$ ar shleasa $AC$ agus $BA$ an $\Delta\ ABC$. Cruthuigh gur pointí cóimhchiorcalacha iad $B, C, L, M$.
6. Uilleacha sa teascán céanna iad $BPC, PQC$. Luaidh casadh a leagfas uille acu ar an gceann eile.

## 7.4 Exercises

1. Prove that each cyclic ▱ is a rectangle.
2. If a side of a cyclic quadrilateral is extended, show that the external angle is equal to the opposite inside angle. State the rotation that will move one of them on the other one.
3. If the points $M$ and $A$ are on the same side of the base $BC$ so that $\widehat{MBA}=\widehat{MCA}$, prove that the $\odot MBA$ and the line $AC$ can only cut at $C$ and at no other point, without contradicting Theorem 21.

   In that way, give a proof by contradiction for Theorem 21.
4. Opposite angles in a certain quadrilateral are complementary. Prove that it is a cyclic quadrilateral .
5. $BL, CM$ are the perpendiculars from $B, C$ one the sides $AC$ and $BA$ of the $\Delta\ ABC$. Prove that $B, C, L, M$ are concyclic points.
6. $BPC, PQC$ are angles in the same segment. Give a rotation that lays one of them on the other.

*Nach ceart a chur leis nach dteagmhann sé leis an imlíne arís nuair a síntear í?*

**Téarma** Tugtar tadhlaí ar dhronlíne a theagmhaíos leis an imlíne in aon phointe amháin (an pointe tadhaill). agus teagmháil eile leis fé threó ina síntear an tadhlaí.


Ag pointe P den imlíne má tarraingítear an dronlíne thré P atá ingearach leis an nga OP, is follusach go bhfuil gach pointe X den líne sin (cé's moite de P féin) taobh amuigh den imlíne, mar OX > ga an ⊙ OP. (teoirim XIX)

∴ Tadhlaí iseadh PX

Mar an gcéanna Is é PX an t-aon tadhlaí amháin thré P, de bhrí gurb é OP an fhad is giorra idir O agus tadhlaí ar bith thré P, agus fágann sin gurb é OP an t-ingear ó O ar an tadhlaí.

Tosach leathanach 78 sa LSS.

## Téarma

Tugtar *tadhlaí* ar dhronlíne a teagmhaíos leis an imlíne in aon phointe amháin (an pointe tadhaill) agus nach bhfuil teagmháil eile leis pé treó ina síntear an tadhlaí.

Tá Físoghair anseo sa LSS, leathanach 78.

Ag pointe $P$ den imlíne má tarraingítear an dronlíne tré $P$ atá ingearach leis an nga $OP$, is follasach go bhfuil gach pointe $X$ den líne sin (cé's moite de $P$ féin) taobh amuigh den imlíne, mar $OX >$ ga an $\odot OP$ (teoirim XIX).

$\therefore$ Tadhlaí is ea $PX$.

Mar an gcéanna 'sé $PX$ an t-aon tadhlaí amháin tré $P$, de bhrí gurb é $OP$ an fhad is giorra idir $O$ agus tadhlaí ar bith tré $P$, agus fágann sin gurb é $OP$ an t-ingear ó $O$ ar an tadhlaí.

## Definition

A *tangent* is a straight line that meets the perimeter in a single point (the *point of tangency*) and does not meet it again no matter how far or in which direction it may be extended.

At a point $P$ of the perimeter if we draw the straight line through $P$ that is perpendiculer to the radius $OP$, it is clear that each point $X$ of that line (apart from $P$ itself) outside the perimeter, for $OX >$ the radius of the $\odot OP$ (Theorem 19).

$\therefore$ $PX$ is a tangent.

Similarly, $PX$ is the only tangent through $P$, because $OP$ is the shortest distance between $O$ and any tangent through $P$, and it follows that $OP$ is the perpendicular from $O$ on the tangent.

## Teoirim XXIII

Is féidir dhá thadhlaí a tharraint go dtí cioreal ó phointe ar bith taobh amuigh.




Abair gurb é O lár an ⊙, agus gurb é P an pointe a tugtar.

**Tógáil** ~~Bruthúnas~~

Línigh an ⊙ gurb í OP a lárlíne agus tabhair X is Y ar na pointí ina ngearrann sé an ⊙ a tugtar.
∴ 'Siad PX agus PY an dá thadhlaí ó P.

**Bruthúnas**

Uille leithchioreail isea $O\hat{X}Y$, ionnas gur dronuille í (Teoirim XXI).

Fágann sin PX ⊥ leis an nga OX.

∴ 'Sé PX an tadhlaí ag X, agus mar an gcéanna 'sé PY an tadhlaí ag Y.

**Atora 1** Scátha a chéile in OP isea PX agus PY.

**Atora 2** Má cuirtear dronlíne ar dhronlíne eile le casadh timpeall pointe O, tadhlann gach dronlíne acu ⊙ áirithe gurb é O a lár.

Mar pointe ar chómhroinnteoir na ∠i uilleann eatorra isea O, agus is cómfhada na ⊥ingir uaidh ar an dá líne.

**Téarma** Má thagann dhá chioreal le chéile ag pointe P i gcaoi go dtadhlann dronlíne tré P an dá chioreal, deirtear go dtadhlann an dá chioreal sin a chéile ag P.

## Teoirim XXIV

Má thadhlann dhá chioreal a chéile, tá an pointe tadhaill ar dhronlíne cheangail na lár.


**Hipotesis** Tadhlann PZ an dá chioreal.

**Tátal** Luigheann P ar an dronlíne $OO_1$.

**Bruthúnas** De bhrí gur tadhlaí é PZ don dá ⊙, luigheann O agus $O_1$ ar an ingear ~~do~~ ar PZ ag P.
∴ Atá dronlíne amháin isea $POO_1$. Q.E.D

Tosach leathanach 78 + 1 (gan uimhir) sa LSS.

## 7.5 Teoirim XXIII

*Is féidir dhá thadhlaí a thabhairt go dtí ciorcal ó phointe ar bith taobh amuigh.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 78+1.

Abair gurb é $O$ lár an ⊙, agus gurb é $P$ an pointe a tugtar.

*Tógáil:*

Línigh an ⊙ gurb í $OP$ a láirlíne agus tabhair $X$ is $Y$ ar na pointí ina ngearrann sé an ⊙ a tugtar.

'Siad $PX$ agus $PY$ an dá thadhlaí ó $P$.

*Cruthúnas:*

Uille leithchiorcail is ea $\widehat{OXY}$, ionas gur dronuille é (Teoirim XXI).

Fágann sin $PX \perp$ leis an nga $OX$.

∴ 'Sé $PX$ an tadhlaí ag $X$, agus mar an gcéanna 'sé $PY$ an tadhlaí ag $Y$.

**Theorem 23.** *It is possible to draw two tangents to a circle from any point outside it.*

Suppse $O$ is the centre of the ⊙, and that $P$ is the given point.

*Construction:*

Draw the ⊙ with diameter $OP$ and call the points where it cuts the given circle $X$ and $Y$.

$PX$ and $PY$ are the two tangents from $P$.

*Proof:*

$\widehat{OXY}$ is a half-circle angle, so that it is a right angle (Theorem 21).

It follows that $PX \perp$ to the radius $OX$.

∴ $PX$ is the tangent at $X$, and in the same way $PY$ is the tangent at $Y$.

### Atora 1

*Scátha a chéile in $OP$ is ea $PX$ agus $PY$.*

### Atora 2

*Má cuirtear dronlíne ar dhronlíne eile le casadh timpeall phointe $O$, tadhlann gach dronlíne acu ⊙ áirithe gurb é $O$ a lár.*

Mar pointe ar chómhroinnteoir na huilleann eatoru is ea $O$, agus is cómhfhada na hingir uaidh ar an dá líne.

### Téarma

Má thagann dhá chiorail le chéile ag pointe $P$ i gcaoi go dtadhlann dronlíne tré $P$ an dá chiorcal, deirtear go dtadhlann an dá chiorcal sin a chéile ag $P$.

**Corollary 1.** *$PX$ and $PY$ are reflections of one another in $OP$.*

**Corollary 2.** *If a rotation about the point $O$ places one straight line on another, then both straight lines are tangent to a certain $\odot$ with centre $O$.*

For $O$ is a point on the bisector of the angle bwteen them, and the perpendiculars from it onto the two lines have the same length.

### Definition

If two circles meets at a point $P$ in such a way that some straight line through $P$ is tangent to both circles, then we say that those two circles are tangent to one another at $P$.

## 7.6 Teoirim XXIV

*Má thadhlann dhá chiorcail a chéile, tá an pointe tadhaill ar dhronlíne cheangail na lár.*

Tá Fíoghair anseo sa LSS, leathanach 78+1, bun.

*Hipotéis:*Tadhlann $PZ$ an dá chiorcal.

*Tátall:*
Luigheann $P$ ar an dronlíne $OO_1$.

*Cruthúnas:*
De bhrí gur tadhlaí é $PZ$ don dá $\odot$, luigheann $O$ agus $O_1$ ar an ingear le $PZ$ ag $P$.
∴ Aon dronlíne amháin is ea $POO_1$. □

**Theorem 24.** *If two circle are tangent to one another, then the point of contact is on the straight line joining the centres.*

*Hypothesis:*Tadhlann $PZ$ an dá chiorcal.

*Conclusion:*
$P$ lies on the straight line $OO_1$.

*Proof:*
Since $PZ$ is tangent to the two $\odot$, $O$ and $O_1$ lie on the perpendicular to $PZ$ ag $P$.
∴ $POO_1$i is a single straight line . □

C.

Teoirim ~~XXIV~~ XXV

Tá an uille idir thadhlaí ciorcail agus córda ar bith tré'n bpointe tadhaill, cóimhionann leis an uillinn san teascán alteánach.







Hípotesis Tadhlaí agus córda isea AT agus AB, agus pointe ar bith sa teascán ACB isea X.

Tátall Tá $\hat{\alpha}_1 = \hat{\alpha}$.

Tógáil Tarraing an láirlíne AC, agus faigh M lár an stuaigh ACX.

Cruthúnas

Dronuilleacha isea $C\hat{X}A$ (uille leithchiorcail), agus $C\hat{A}T$ (idir láirlíne agus an tadhlaí).

$\therefore$ Tá $C\hat{X}A = C\hat{A}T$

De bharr chasta tré'n uillinn $X\hat{M}A$ timpeall M, cuirtear X ar A, agus leagtar XC fan AC (teoirim XXI).

Agus de thairbhe $C\hat{X}A = C\hat{A}T$, is fan ~~na líne~~ an tadhlaí AT a leagtar XA.

Ach is fan na líne AB a leagtar XB (teoirim XXI)

